

PLÉARÁCA '11

Ceiliúradh 21ú Féile

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

€4



Clár na Féile

An Saol mar atá

Súil Siar

Medjugorje

Bainis Liam &
Cháit

Úna Ní
Fhlatharta

Joe John Mac
an Iomaire

Dea-scéal

Dánta

Ó Chonamara
go Nis

& go leor eile





1994
Pádraic Tom Photch
Ó Ceannabháin




1995
Máirtín Tom Sheaháin
Mac Donncha




1996
Máire Dn, Uí Chonnois



1997
Máirín & Joe Steve
Ó Neachtáin



1998
Micheál Mháire
Grubha




1999
Tom a' Bheolgha



2000
Breandan Ó Tuairag



2001
Máire Welby



2002
Johnny Phádraig
Pheter Connolly



2003
Tomás Mac Eoin



2004
Seamus Ó Cualáin



2005
Coiste Chóiláite Cháimhneacháin an Phársaigh



2006
Eddie Sheaháin
Ó Conghaile



2007
Treasa Ní Mhóiláin



2008
Sonal Cholm Leary
Ó Conghaile



2009
Ord Malta Inis Meán



Gradam Phléaráca 2010
Risteard Mac Aodha

Buíochas

Foireann Eagarthóireachta:

Meta Uí Mháille
Anna Ní Fhlatharta
Máire Áine Ní Mháille

Fógraíocht: Anna Ní Fhlatharta

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a scríobh píosaí don iris agus a thug pictiúir:

Donncha Ó hÉallaithe
John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
Paddy Mhéime Ó Súilleabháin
Máirín Uí Chonghaile
Louis Mac an Iomaire
Máire Treasa Ní Cheallaigh
Úna Ní Fhlatharta
Joe John Mac an Iomaire
Clann Thomáis Shadhbh
Bríócán Bairéad
John Clancy
Paddy Dundass
John Ó Cualáin
Pádraig Ó Ceannabháin
Mary O'Toole
Peadar Ó Súilleabháin
Seán Madden
Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha
Mairéad Uí Dhomhnaill
Seán Madden
Jackie Mac Donncha
Gwyneth Uí Ghaora
An Grúpa a bhí i Nis.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá buíochas speisialta ag dul do Éamonn Ó Cualáin agus don comhlacht Sónta as an oifig agus treallamh a chur ar fáil dúinn, nuair a bhí muid i sáinn.

Buíochas do:

Pheigí Ní Chonghaile a rinne an phrofáil, Mairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris, Caomhán Ó Scolaí a rinne an postaer agus clár na féile,

Micheál Ó Braonáin agus foireann Chlóidóirí Lurgan.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Buíochas do Choiste Oibre na Féile:

Mary O'Toole
Baba Mhic Dhonncha
Jackie Mac Donncha
Seán Madden
John Ó Cualáin
Máirín Uí Chonghaile
Caitríona Ní Cheannabháin
Réamonn Ó Mainín
Mattie Ó Nía
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Coiste Phléaráca Teo.

Buíochas do:

Choiste Ionad Pobail Chill Chiaráin
Ionad Altranais Charna
Nóirín Uí Shúilleabháin
Múinteoirí agus Daltaí
S.N. na hAirde Móire & S.N. Chill Chiaráin
Máirtín Ó Conaire
Danny Wallace
Bernie Seoige
Club Siúlóide Charna
Tí Chadhain
Risteard Mac Aodha

Buíochas do na ceoltóirí, amhránaithe, damhsóirí, lucht ceardaíochta, áisitheoirí, na moltóirí agus fir & mná tí ar na h-imeachtaí.

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht a gcúnamh le poiblíocht.

Buíochas d'Urraithe na Féile:

Ealaín na Gaeltachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 An Saol mar atá
- 8 Ní Fheicfidh Tú É Seo Sna Meáin
- 10 Agallamh le Joe John Mac an Iomaire
- 14 Pléaráca Chonamara 1991 - 2011
Donncha Ó hÉallaithe
- 16 Íomhá file agus blaiseadh dá shaothar
Paddy Mhéime Ó Súilleabháin
- 18 Bainis Liam & Cháit
Máire Treasa Ní Cheallaigh
- 25 Gwyneth Uí Ghaora
- 26 Medjugorje
Mary O'Toole
- 28 Agallamh le Úna Ní Fhlatharta
Anna Ní Fhlatharta
- 32 Seán Mac an Iomaire
Louis Mac an Iomaire
- 34 Clár na Féile
- 40 Deá-scéal
- 47 Dán le Máirín Uí Chonghaile
- 53 Ionad Pobail Chill Chiaráin
Jackie Mac Donncha
- 54 Ó Chonamara go Nis
- 57 Castar na Daoine ar a chéile ach ní Chastar na Cnoic

Taifeadadh:
Ní mhor cead a tháil roimhré le aon taifeadadh proifisiúnta fise nó fuaime a dhéanamh de imeachtaí ar bith do chuid Phléaráca Chonamara.



Údarás na Gaeltachta



Eagarfhocal

Marach cé comh fadbhreathnaitheach is a bhí an coiste a bhunaigh Féile Phléaráca Chonamara agus an mhisneach a bhí acu agus an dúshlán a thóg siad orthu féin ag an am, ní bheadh muid ag ceiliúradh an 21ú Féile i mbliana. Ní bheadh an iris 'Pléaráca' ann ná an comhlacht a d'eascair as an bhféile, sin 'Pléaráca Teo' an Scéim Ealaíon Phobail a bunaíodh i 1993. Ar an gcoiste a d'eagraigh 'Pléaráca Chonamara '91' bhí Máire Uí Ghiobúin (Comharchumann Turasóireacht Chonamara agus Árann), Máire Ní Uaithnín (Coiste Forbartha Charna), Gearóid Ó Cosgordha (Comharchumann Chonamara Thiar), Máire Bheilbigh (Coiste Pobail Chamuis), Colm Ó Cinnseala (Na Forbacha), Donncha Ó hÉallaithe (Cois Fharraige) agus Bríd Ní Chualáin (Carna).

Ar an bhfoireann mór oibre a thug cúnamh leis na h-imeachtaí a eagrú, an dream a bhí ag obair ar an iris, agus ar an gclár imeachtaí, bhí Peigí Ní Chonghaile, Martine Goggin, Caitlín Hehir, Pádraig Breathnach, Bob Quinn, Miriam Allen, Joe Bheilbigh, Pádraig Ó hAoláin, Micheál Maye, Peadar Ó Maolain, Trevor Ó Clochartaigh, Seán Ó Coistealbha, Máire Ní Ógáin, Triona Ní Ráighne, Adelaide Nic Charthaigh, Pádraig Ó hÉalaí, Máirtín Jamsie, Johnny Chóil Mhaidhc, Mairéad Nic an Iomaire, Máirtín Tom Sheánín Mac Donncha, Seán Bán Breathnach, Nóirín D'Arcy, Máire Áine Uí Chonghaile, Aingeal Ní Chonghaile, Darach Ó Scolaí, Caitlín Uí Chonghaile, Máire Féirtéar, Marion Nic an Iomaire, Máire T. Uí Chuinneagáin, Bairbre Uí Ghuairim, Máirtín Ó Conghaile, Stíofán Mac Donncha, Peadar Tommaí, Brian Ó Baoil, Mairéad Ní Chualáin, Clár Ní Thuathail, Seán de Cléir, Ivan Mac Philip, Máire Holmes, Peadar Mac an Iomaire, Áine de Bhailís, Máire Ní Iarnáin, John Dáirbe Ó Flatharta, Seosamh Ó Giobúin, Pádraig Ó Loideáin, Pádraig Ó Neachtain, Máire Uí Chonghaile, Pádraig Ó Flatharta, Pat Welby, Séamas Ó Fiannachta, Colman Ó Flatharta, Róisín Uí Shúilleabháin, Criostóir Ó Súilleabháin, Pádraig Finnerty, Áine Ní Dhubháin, Lorraine Ní Chuanaigh, Pádraig Ó Conaire, Pádraig Ó Conghaile, James Harold, Réamonn Ó Mainín, Joe Steve Ó Neachtain, Pádraig de Bhaldraithe, Cathal Ó Frighil, Micheál Ó hEidhin, Helen Ní Dhomhnaill, Mairéad Ní Scanláin, Caomhán Ó Scolaí, Ruaidhrí Ó Tuairisc, Áine de Bhailís agus Micheál Ó Braonáin.

Tá aitheantas tuillte ag an gcoiste sin agus ag an dream ar fad a bhí páirteach in eagrú an chéad Phléaráca ar son an rud a dtug siad faoi agus as a dtáinig as an bhféile ó shoin. Chomh maith leis sin bhí liosta fada urraithe. Thug Raidió na Gaeltachta an-phoiblíocht don fhéile, ár ndóigh tugann Raidió na Gaeltachta an-phoiblíocht i gcónaí don fhéile agus do imeachtaí Phléaráca i rith na bliana.

Ní fháigheann Bord Stiúrtha Phléaráca Teo. an t-aitheantas atá tuillte acu as an obair atá déanta acu ar son an phobail thar na mblianta (Ní mó ná buíoch a bheidh siad domsa as a bheidh ag tarraingt aird orthu) ach b'fhéidir nach dtuigeann an pobal go minic gur go deonach a oibríonn baill an bhoird, cé go bhfuil

dualgais stiúrthóirí comhlachta orthu mar atá ar aon chomhlacht gnó agus freagracht dá réir.

Cuireann Pléaráca Teo. oiread áirithe oibre ar fáil freisin. Taobh amuigh den triúr atá fostaithe go lánaimseartha ag an eagraíocht, tugann an clár oibre a reachtáileann Pléaráca i rith na bliana, saothrú do ealaíontóirí, ceardaithe, ceoltóirí, teagascóirí agus do lucht gnó i gceantar Chonamara.

Tá sé deacair a creidúint go bhfuil na blianta imithe chomh scioptha. Ag breathnú siar tríd na h-irisí ó 1991, faraor tá daoine imithe uainn ar shlí na fírinne. Sé nádúr an tsaoil é nuair a théann duine amach sna blianta, ach tá daoine óga imithe freisin, sólás síoraí dá n-anamnacha, daoine a bhí ag obair ar an gcéad fhéile i '91, daoine a bhíodh ag scríobh don iris, daoine a bhíodh páirteach in imeachtaí na féile agus daoine a bhíodh páirteach sna ceardlanna, ar na campaí samhraidh, sna geamaireachtaí agus ar an scéim fostaíochta pobail a bhí ag Pléaráca.

Tháinig athrú mór ar an saol i gConamara chomh maith le chuile áit eile ó 1991. Tháinig deireadh le

imírce, nach orainn a bhí an dallamullóg. Ní raibh daoine i dtuilleamaí an dól mar a bhíodh agus cheap muid go raibh an múnla sin briste sa deireadh. Bhí sé iontach don chéad uair sa saol daoine óga a fheiceáil ag socrú síos ag baile, ag tógáil a gcuid tithe ar airgead a bhí saothraithe in Éirinn, in ionad, mar a bhíodh ar airgead a saothraíodh i Sasana nó i Meiriceá. Ní raibh am ag daoine fata a chur nó móin a bhaint mar bhí chuile dhuine chomh gnóthach, bhí saol an sclábhaí thart, nó sin a cheap chuile dhuine.

Thug an borradh a bhí faoi thionscail na tógála, deis don dream a bhí freagrach as fostaíocht agus forbairt a chuir ar fáil sa Ghaeltacht suí siar, in ionad mar a d'fhéadfaí na ceantair láidre Gaeltachta a fhorbairt nuair a bhí an deis agus an t-airgead ann. Is bocht an rud le rá é, gurb iad ár muintir féin, daoine ar chuir muid muinín iontu, a bhfuil na ceantair seo ligithe síos go dona acu. Is mór an chúis náire dóibh an cur i gcéill, go bhfuil siad ar son an phobail, an chultúir agus na Gaeilge agus an bhail atá fágtha ar cheantair i gConamara.

Tigh Chualáin

Teach Ósta agus Lóistín

Coill Rua, Indreabhán,

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-553609

Faics: 091-553049

tighchualain@eircom.net



Gach rath ar an fhéile 2011

An Spailpín Fánach

30 bliain ar an mbóthar

An Spailpín Fánach
Ceardlann an Spidéil
Conamara
091-553343

Priondál T-Léinte
agus Hoodies
www.tshirt.ie



www.spailpin.com

An Saol Mar Atá



Píosa le M. Ó Flaitheartaigh a bhí san Iris "Lic A' Teallaigh" mí na Nollag 1931. Is ó John Bhaba Jeaic a fuair muid an píosa seo. Fear a bhfuil bailiúchán mór oidhreachta déanta aige thar na mblianta. Tá an saothar atá bailithe ag John, le feiceáil in Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin, a bhunaigh sé fhéin.



(Líne Cúl): Jeaic Chluanáin, Mary Dowling agus a h-iníon as Baile Átha Cliath, Máire Nan Seoige as Baile na Cille.

(Ina suí): Baba (iníon Jeaic), agus a clann, John Bhaba Jeaic, Baba agus Máirín.

Ba duine do mhuintir Neachtain as Cill Bhriodáin, Ros Muc, máthair Jeaic. Bhí Jeaic sa gcogadh mór agus gortaíobh go dona sna Falklands é, áit a briseadh a chosa. Chaith sé seacht seachtaine in ospidéal. Chaith sé an chuid eile dá shaol i gcathaoir rotha dhá bharr sin.



Seanacháí ag Feis Charna sna tríochaidí
Micheál Mac Donnchadha (Pádraig), Tomás Mac an Iomaire, Tomás Ó Nia agus Seán Ó Gaora.

An

Saoḡal

mar

'tá.

[feic leat "Tús a' Pota."]

"annseo máigistír!"

Tá'n céad téad tarte agus ní gan allúntas agus breis balactála é. Ó cuireamur teine i mbráca agus go raib tús sócair anuraid a'inn cá 'b'fios nac mbead barr a'inn i n-aitébliaid. Abruigimíd leis an bprobal mar veir-eanns an gasúr leis an oide am rólla: "annseo 'máigistír."

"Támuir annseo go briogmar 's go beo.

Go dtóframuid ceo duib na tíre."

Tá fuinn adarc milis blasta de d'ruet fionnfuar iar-Connacht m'ic Dara a tabairt do cuile scórnae calcuigte, crealltaig, dá mbuailiú linn. Cuireamur siol a o' pás gan glórtán seal, gan creactae dearg ar enocáin élocáca na dúitce. Cuireamur barr gabla ar brialis com min, com meandrac agus a dúirtead i mbaraille ariam agus muna mbiú ar luét léigte sásta ní'l sásam i n'án dóib.

go mbeirimid beo . . .

Tá gabla a'inn tríú bliadain aistreanaig. Tá feabhas orainn annseo sa' nGaedealtact. D'amhóc dall gan súil sin. Tá tighe nuada na Gaedealtacta a' caitead cóta liat tarte ortú. Tá balad láidir na ceilpe aduaid ó 'dub' lartar, aintreas ó Muig Inse, amiar o'n Más. Balad sár-cúimra le h-agaib luét na bpáipear! Agus an carraigín! Caonac glas na féile! Agus go leor leor eile a gcloiseannmuir fútab—oiread 's a cuir bacac 'n-a mála. feabhas é ar fad! Ní beir

cáll do mhuintir Connamara cos ná lám a corruig aríst an dá lá is beo iad agus dá mairiúis go mbead aois coilig m'icil Séamus acab?

bás nó baiste.

Ac ní mairfe ná go mbiú ciall sicin eireóige acab. Tá droc-bliadain rompa 'mac. Droc bliadain a mbeir cuimne saogalta uirte. Agus ba maic le páipear annseo tract a déanam ar feabhas Connamara faoi alt ar a nglaoirtear "On our Western Farms." Grad Dé a'inn, ac rugad luét an páipeir seo amuis i nGrianlann nó toir i Siberia. Feilm i n-lar-Connacht-aib! Tá na coilig a' blaodac a mhuintir iar Connacht. Éirigid! Cait luét páipeir feilm agaid anéir! Cuirtear ribin dearg ar o'iorbail an páipeir sin faoi doine! Cuile bliadain roime seo bí súil a'inn le h-airgead Meiricea. (Ar ndó' ní ar bronógaib a mairtear anois, cé gur tógad luét céille ortab a bfearr na luét na bpáipear). Ac ní sin ac seo. Cá mbeir airgead Meiricea i mbliadna? Is furusta é roinnt.

"Ar fud bailte móra tar sáile
Tá milte dá'r mbunad gan treo:"
San obair, gan tava le déanam,
Ac a stocais amac i n-a mbrós'.

Sin mar castar é indíú. Agus dá dtiocfad na 'Yanks' abailte amáireac ní bead sop tuige a'inn a caitfead muid fútab agus gan acu san ac "beal bréige agus cinneas goile." Agus veir an 'Independent' go raib an Saorstát a' dul ar agaib, mar ní raib ac cupla céad a' dul go Meiricea le scatam. Agus h-obair dóib a ráb leis an nGaedealtact gur ceilp agus cairrigin a coinneig 'sa' mbaile iad. Sead raicad an "caonac seal" go Meiricea agus ní stoppaib Ford agus Rockefeller nó go dtigib síad agus airgead Meiricea leob, le motors cairrigin i báid-aeir ceilpe a tabairt do Connamara, agus annsin beir an fuilleabullú ag an 'Independent' agus seinne na gabair an Star-Spangled Banner ag cuile doras sa' nGaedealtact! Dabada!

sciarairt.

Ceapann an leat eile de'n tír nac

LIC A' TEALLAIS.

NOVLAS, 1931.

mbionn iad ná foras ar muinntir na Gaedhealtachta ac a' sciollaib' s a' feannad an riaghtais agus a mbaineann leis. Ní sin fírinne. Ac nuair deirtear go bfuil saibhreas agus socamlacht sa' nGaedhealtacht, ní mór dúinn a beit faoi réir. Tá saibhreas sa' nGaedhealtacht. Saibhreas agus má caittear é sa' nglúin seo, préacfaid sé agus dallróc' sé an glúin amac. Cá il an Gaedhilge binn blasta sin a bi ann trá? Sin é an saibhreas atá luict ceannais na tíre a' brait ar a cotú. Sin saibhreas agus muna scoitítear é tá'n tír réir. Ní cotóc' ceilp ná cairrisín an an teanga, ná breac, ná bradán fao's cailfear dócas na Gaedhilge. Níl aon maic rad leo-san go bfuil saibhreas acab. Tá rud acú. Ní cainnt bog, baganta, a tiúbras greim a béil do'n Gaedhilgeoir. Ní 'Gaedhilgeoirí' ná coláistí Gaedhilge, ná feiseanna, ná sreangáin politiocá, a cuirfeas rat ar an nGaedhilge—ní h-eat ac an fear a bfuil fíor-Gaedhilge aige a cur i mbun a cosaib' sa' tír—eisean a beit i n-áirde agus a' déanamh boinn do féin. Sead agus tá saibhreas eile a'inn. Tocailt sátao fao, b'féidir go bfuigead tuine poitín óir; b'féidir go bfuil péarlai gléiseala i dtonn na mara; nó b'féidir go bfuil ocsaigein 'san aer agus úrogein san uisce. Sin coimirc na beata. Sin biad na scainnteoir nótó-asac. Agus mairfe an Gaedhilge, nuair déarf' luict ceannais amarcélaíne na Mainistreach gur cóir di fanacht!

SCOLAIDÉACT.

Ac ní cáinimís an riaghtas dár ndo. Dá'r a son. Níl cáil leis anois. Si'n fírinne í. Tá cion bliadna d'obair fear as an riaghtas. Is fearr go deireanac ná go brát. Oideas agus oileamaint maic scoile an rud is mó a bi d'easbaid ortú. Nois níl sin acú fós. Rinnead iarracht 'sna Coláistib' Ullmucáin—ac éist; "Cuiread ar bun iad le muinnteoirí a déanamh de na cainnteoirib' dútás! Sin mar h-innsead an scéal nuair bítear as iarrad a cur i scéil go raib damn good bargain asainn, agus gur cóir dúinn a beit sásta leis. . . . 'Tis le páistib' Cill-

agus a déarf'as istead iad' . . . Is ionann sin agus a rad nac utis le cainnteoir dútás ar bit a beit i n-a muinnteoim scoile." Ní call dom a dul níos fúide. Sin mar scriob Máire dá bliadain go h-am so. Sin é lom-clár na fírinne. Ní deacard cúigear Gaedhilgeoir dútás as Connamara istead i scoláistib' Ullmucáin fós! Fágam fear a bréagnuite. Cé's cionntaige? An riaghtas a bi neamhsuimeamail. Na muinnteoirí a bi leisceamail. Ní bfuair siad ac lagdú páige le'n-a déanamh agus 'sé capall na h-oibre an biad. Níorb féidir an comórtas a seasam. Bi cuile baicín ó Bri go Portláirge i ndon é sin d'fágail. Tuige? Bi Déarla acab! Agus éist; "Tá oiread Gaedhilge i Connamara agus a Gaedhealacard seact n-éire seact n-uaire dá utustai slige beata do na daoine a bfuil si acab." Nuga leat anois. Buail aitrige an riaghtas mar bíor tuigeadar "Social Science." Agus slúigeamur an baoidte. D'fan an frígiu sa' scórna. Tá scéim nuad anois as scéiméaraid' Óla' Cliat agus molaimis an riaghtas. Déir an caipín ar "humbug na tíre"—ar na Coláistib' Dréige.

MÚINNTEOIRÍ.

Cualamar é ó béal nac raib cur de na muinnteoirib' sásta leis an "Gaeltacht Grant" a radcas faoi'n riaghtas a tabairt dóib. Glacardís é agus cógaidís an comhairle má's mian leob. A' n-eiteóc' na Gaill é ac iad a beit annseo. Ó! mo bearmad! Ní h-ionann muinnteoirí Gaedhealaca Connamara agus na Gaill. 'S cloisfir leat mé. Gaedhil iad. Ní glacfaidís-ean deolcáirí ná grants. Gaedhil iad a mbionn Déarla acab as cruinnigib', a mbionn Déarla d'á labairt eadarta féin agus a mbionn si d'á scriob go h-oifigeamail acab. Agus Gaedhil iad, mar barr ar an donas, a mbionn dam-sai Gallda agus nása Gallda acab agus iad bádmair leis an C.L.S. Ac 'nois féin tá deolcáirí le fágail ó'n riaghtas faoi'n scéiméaract nuad. Tá bruit a laoghar ar na Gaedhil móra seo agus cualamur nac mbéir saigleanac

NOVLAS, 1931.

dustries"! Sead tuigimís céard is oide agus tuigimís leis cé'n teas ba cóir a beit san áit a d'ceigean luict an scanail. Sead tuigimís é ar fao.

SEANAMÓIR.

"The old Catholic Irish tradition of the Gaedhealtacht is one of the nation's best bulwarks against the materialism of the English speaking world by which it is surrounded." Seo mar scriob an t-Atair Ó Catal 'san leabhrán ar a utustar 'Ireland's Peril.' A sagairt Dé agus a Eaglaisig Naomha cé'n baint atá asaidse leis an screideam i néirinn agus cé'n baint atá ioir an teanga agus an dream a coinnis an creideam beo i néirinn! Ac mo léan cé méad sagart inóiu 'san lartar a utiofard peacac Gaedheal, glan ó salacard an Déarla cuige, agus a mbead sasam croide agus incinne aige? A Dia aith' air go scaitfinnsé ná tuine ar bit eile ó'n nGaedhealtacht droc-meas ar sagart Dé, a raib ar seact sinnsear romainn com vilis sin dóib. Ac scoilteann an diadai an Gaedhealtacht le tuas an Déarla. Is asainne féin atá fios cá luigean an drog orainn—fuairiamur le léigean é. Cá 've nac mbéir ac Gaedhilge agus lairdin i n-Eaglais an lartair seo? Sead agus tá cléir ann nár cuirdis fós

LIC A' TEALLAIS.


i gcúis na teangan. Ac munar maic leob maic a déanamh dúinn ná tapaidís oiofdaíl an Gaill do'n cúis. Nac truag ar gcás nuair adubairt sagart as feis le goirio: "Ní call díb Gaedhilge a beit asaid le beit Gaedhealac agus ní call díb an Gaedhilge fógluim ac oiread!" Siteamur gurb 'sin a dearfad Dr. Whately, ac dúbard é istis i Connamara.

GAEDHILGEOIRÍ.

Sul dá sraitinn mo cleite, ba cóir focal a rad faoi Coláiste Iar-Connact. Dunad é i mbliadna le h-asaid na lughasa agus d'éirig leis tar cionn. Nois is áit é Iar-Connact nár teangmuis na tourists fós leis agus é ri-feileamnac do daoine ar cóir na Gaedhilge. Ac mar feadbas ar an scéal fir a' b'eat na h-ollamha a raib seancus na h-áite figte fuaitse leob ó d'fág siad an cliadán. A coláistí Gaedhilge glacard comhairle ó Coláistí Iar Connact, cuirid fir na duitce i mbun na h-oibre, cuirid na Gaedhilgeoirí i utigib' Gaedhealaca, agus cuirid iallac ortu-san an Gaedhilge a labairt de síor. Go uti sin ní éirecard lib.

—M. Ó FLAITHEARTAIS.

Deiread fógmair, 1931.



Ní Fheicfidh Tú É Seo Sna Meáin!



Olli Rehn agus Lucht an Dreoilín

Ag cruinniú éigeandála a bhí ag Coimisinéir Eacnamaíochta an A.E Olli Rehn le saineolaithe airgeadais na tíre seo le gairid, dúirt sé go raibh faitíos air nach mbeidh Rialtas na hÉireann in acmhainn an t-iasacht atá fáighte acu ón I.M.F. a ais-íoc san tréimhse atá leagtha síos dóibh.

Mar thoradh ar na cainteanna, duirt Olli Rehn, go raibh sé ag cur dlí i bhfeidhim a d'fhágadh go mbeadh cáin de 85% le gearradh ar airgead an dreoilín ó Lá Féile Stiofáin seo chugainn ar aghaidh. Dúirt an t-Uasal Rehn go gcuirfeadh an dlí nua seo thart ar €6 mhilliún isteach i ngeall na Rialtais, le cabhrú leo iasacht an I.M.F. a íoc arais níos scioptha. Dá bharr seo tá sé tugtha le fios ag an Aire Airgeadais sin againne nach mbeidh cead ag gasúir aon dreoilín a ghabháil gan ceadúnas a fháil roimh ré óna Roinn. Beidh costas de €150.00 ar an gceadúnas sin. Nuair a dúradh leis an Aire sa Dáil go raibh sé maslach go gcaithfeadh gasúir ceadúnas a fháil anois ar rud a bhí saor in aisce go dtí seo, dúirt an tAire go raibh sé ag iarraidh tabhairt le fios do ghasúir na linne seo nach féidir airgead a ithe. "Tá fhios ag gasúir faoin am seo go bhfuil an Tíogar imithe, agus go bhfuil muid anois ag brath go h-uile is go h-iomlán ar an Dreoilín", a dúirt an tAire.



Bille nua ón Rialtas ar na bacáin


50/50 Airgead Araís



De bharr an socrú is deireanaí idir N.A.M.A. agus an Rialtas, beidh chuile airgead dá íoc ar an mbonn 50/50 ón gcéad lá de Eanáir, 2012.

Sé sin le rá, duine ar bith atá ag fáil pá, liúntas leanai, &rl., beidh siad ag tabhairt a leath arais don rialtas chuile sheachtain. Ag an am céanna beidh an rialtas ag tabhairt a leath féin arais do na daoine. Théis tamaill, d'fhágadh sé seo go mbeadh na daoine, chomh maith leis an Rialtas ag fáil a gcuid airgid féin arais arís agus arís eile. Bheadh an t-airgead céanna ag coinneáil na ndaoine, agus an Rialtais, ag imeacht ó lá go lá. Ní bheidh gá don Rialtas aon airgead a fháil ar iasacht mar a bhíodh go dtí seo. Tá an phlean seo bunaithe ar an gcóras teasa atá sna tithe, sé sin an radiator. Ní athraíonn an t-uisce san radiator, tá an t-uisce céanna ag coinneáil an teasa ag imeacht i gcónaí. Leis an mbille nua, tá súil go mbeidh chuile dhuine sa tír chomh bocht le chéile, agus ní bheidh aon bhearna idir an saibhir agus an daibhir. Deir saineolaithe an Rialtais gur mar sin a bhíodh cúrsaí na tíre dá rith nuair a bhí Fianna Chumhaill i gceannas, agus ní raibh aon ghéarchéim sna blianta sin. Tá an Rialtas ag séanadh go láidir, go bhfuil gaol ag an mBille seo leis na leabhair leath agus leath, a bhfuil an oiread sin tóir orthu ó cheann ceann na tíre.

An Mótórbhealach sa mBealach



Scríob
An Mám (M0)
Ros Muc
Carna



Tá sé tugtha le fios ag Údarás na gCosán Náisiúnta, nach mbeidh siad ag dul chun cinn leis an Mótórbhealach nua ó Scríob go Carna, mar a bhí geallta. Tá €16m. caite go dtí seo ar phleanáil an bhóthair. Sé an fáth atá leis an athrú intinne ná go dtáinig na pleanálaithe trasna ar sceartán osnádúrtha i gceantar Chill Chiaráin, atá ar an gcosán a mbeadh an bóthar nua ag dul.

Sceartán é seo a mbíonn dath dearg air nuair atá an ghealach lán, agus dath dubh nuair nach mbíonn. Is dath buí a bhíonn air i rith an lae. Iarrtar ar dhaoine a ngabhann an sceartán seo i bhfostú iontu, gan an sceartán a mharú ach fios a chur ar shaineolaí ón Rannóg Fuilaistriúchán. Is féidir an glaoch a dhéanamh saor in aisce. Bainfidh an saineolaí an sceartán den chraiceann ar phraghas réasúnach de €200.00.


Tá an oiread sceartáin i gceantar Chill Chiaráin, is go bhfuil súil ag na h-údarais an €16m. euro atá caite acu go dtí seo, a fháil ar ais in imeacht aon bhliain amháin.

Beidh faoiseamh beag ag muintir an cheantair sin áfach, mar nach dtéann an sceartán i bhfostú ach amháin san dream atá ag saothrú faoi bhun €500,000 in aghaidh na bliana.

Tá sé ráite ag Aire nua na Gaeltachta, nó Aire na Gaeltachta Nua, mar is fearr aithne air, nach bhfuil ar a chumas aon chúnamh a thabhairt sa gcás seo, mar nach bhfuil a fhios aige fós an bhfuil airgead aige nó nach bhfuil.



Bean an Tigh: Therese Conroy
Scríob, Ros Muc, Conamara, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 574139 / 087 6360039;
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

Saotharlann Chonamara Teo
Ros Muc
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

info@cls.ie

www.completelabsolutions.com

Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.

Ó CEALLAIGH
SCOIL TIOMÁNA



Ref no: 34410



087-6781647

091-572030

PEADAR Ó CEALLAIGH
TEAGASCÓIR TIOMÁNA

ADI Catagóirí: B,C,C1,D,D1

Gaillimh, Clochán
& Connemara

scoiltiomana@gmail.com



Joe John Mac an Iomaire

Agallamh le Meta Uí Mháille



Níl céibh ná caladh i gConamara, ná ar chósta na Gaillimhe, nár casadh Joe John ann le linn na blianta fada a chaith sé ag ceannacht fheamainne do Arramara Teo. Is iomaí duine ar chuir sé punt ina bpóca. In áiteacha eile sa tír agus taobh amuigh don tír, is fearr aithne air ó thaobh a chuid amhránaíocht ar an sean-nós.

John a bhí ar m'athair agus is Joe John a thugaimse síos, is mar sin is fearr aithne orm. Joe John Pháidín Shéimín Phádraig Fheichín, as Ros Dugáin. Ba as an gCartúr, Muighinis mo mháthair, Máire Ní Chathasaigh, iníon le Máirtín Ó Cathasaigh an saor bád. Níor thug mise tada den cheird sin liom. Ceathrar againn a bhí sa gclann, Máire, Bríd, Colm agus mé féin, tá Máire básaithe. Tháinig an glór agus na h-amhráin ó chaon taobh. Bhíodh muintir Ros Dugáin ag rá go mba fonnadóir maith í mo shean-mháthair, agus bhíodh muintir Mhuighinse ag rá go mbíodh mo sheanmháthair thiar ag casadh. Níl fhios agam cén uair a chuir mé fhéin suim sna h-amhráin, d'fhás mé aníos leo is dócha, bhíodh mó mháthair ag casadh amhráin agus ansin freisin bhíodh ceol sna tithe le linn dom a bheidh ag éirí suas.

Bhíodh go leor ag imeacht go Meiriceá agus déantaí ceol dóibh. Thagadh an té a bhíodh ag imeacht thart, ag féigáil slán, agus thugadh siad cuireadh ag an gceol duit. I dteach an cheoil nuair a bheadh scíth ag teastáil ón gceoltóir, bhíodh amhráin dá gcasadh, d'foghlaím mé fhéin go leor amhráin ar an bealach sin. Siad na h-amhránaithe is mó a bhíodh ag casadh le linn an t-am sin, Michael Bheartla Dhonnchú, 'eisean a rinne 'Amhrán an Steamer' agus Patrick Phádraig Liam. Ach bhí mórán chuile dhuine in ann amhrán a chasadh. Sé an chaoi a dtéadh siad thart ó dhuine go duine go mbeadh an ceoltóir réidh le dul ag casadh arís. Bhíodh sé uaigneach freisin go mór mór más go Meiriceá a bhíodh an duine ag dul. Théadh an ceol ar aghaidh go maidin nó go mbíodh an bus ag teacht aniar. Bhí muid oíche ag ceol sa teach seo gar do bhóthar. An fear a bhí ag imeacht bhí sé dhá réiteach féin, bhí sé le n-imeacht ar an mbus. Dúirt sé linn an bus a fhaire, sé an phlean is fearr a deir duine éigin dul amach ar an mbóthar



Rita & Joe John Mac an Iomaire

agus dhá halfset a dhéanamh agus caithfidh an bus stopadh. Tharla sé sin. Ar an mbus go Gaillimh a théadh an dream a bhíodh ag dul ar an mbád as Cóbh, ach nuair a thosaigh eitiltí as Rinn Anna, bhíodh caranna dhá dtabhairt síos.

Bhí an saol sách dona i gCill Chiaráin ar nós chuile áit eile le linn domsa a bheith ag éirí suas. I gCill Chiaráin a chuaigh mé ar scoil. Bhí go leor gasúir sa scoil le mo linn. Bhuel bhí suas le trí scór i Scoil Chill Chiaráin agus sa scoil i Loch Con Aortha bhí suas le cheithre scór ag an am. Ar imirce a chuaigh an chuid is mó acu, chomh luath is a bhí siad in ann an scoil a fhágáil ag ceithre bliana déag, bhíodh siad ag réiteach le dul go Meiriceá is go Sasana. D'imigh siad an-óg, an chuid is mó acu bhíodh aintín nó gaolta acu le bheith rompu. Ní raibh mé féin as baile, cé go mbíodh daoine a rá liom a thagadh abhaile gur cheart dom dul anonn san áit a raibh neart oibre. Marach go bhfuair mé obair i monarcha na feamainne is dócha go mbeinn imithe.

Arramara

Thosaigh mé ag obair le Arramara luath go maith sa saol, marach sin is dócha go mbeinn imithe. Thosaigh mé sa monarcha ar dtús mar chineál spare man, fuair mé obair coicise ag seasamh isteach do dhuine éigin a bhí amuigh agus lean sé sin ar aghaidh ar feadh dhá scór agus chúig bhliana. Ach rinne mé obair ann roimhe sin, nuair a bhí mé an-óg, thagadh an steamer cupla uair sa mbliain agus bhíodh obair lae nó cupla lá agus pá bhreá as, ach chaithfeá a bheith ós cionn ocht mbliana déag le go dtógfaí tú. Is iomaí uair a ndeachaigh muid siar agus sean éadach orainn agus stuf dubh ar a n-éadan le go gceapfaí gur leaids óga muid agus go dtógfaí muid.

Is in Eanach Mheáin a thosaigh monarcha na feamainne ar dtús i 1946. Feamainn thirim a bhíodh dá tógáil ansin agus thugtaí ar leoraí as sin í go Gaillimh agus ar bhád go hAlbain. Bhí an obair seo costasach agus bhí siad ag cuartú áit a mbeadh steamer in ann a theacht i dtír agus an fheamainn a lochtú díreach uirthi. Ansin nuair a fuair siad amach go raibh bád in ann a theacht isteach Cuan Chill Chiaráin, athraíodh chuile shórt go Cill Chiaráin. Bhí Paddy Cleary dá inseacht dom, sé a athair James Cleary a bhíodh ag ceannacht na feamainne agus na slata mara don mhonarcha. Ba as Co. an Chláir é ach ba as Uachtar Ard bean James Cleary, duine de na Burns. Bhí cruinniú oíche faoi áit níos feiliúnaí fháil don mhonarcha, níl fhios agamsa an raibh sise ag an gcruinniú, ach dúirt sí le James, "is cuimhin liomsa nuair a bhí mé in mo chailín beag, aimsir na ceilpe, do dtéadh muid síos le builíní ag an soitheach seoil a thagadh isteach ag tógáil ceilpe i gCill Chiaráin". Fuair siad amach go raibh an-domhain i gCill Chiaráin agus athraíodh an tionscail as Eanach Mheáin go Cill Chiaráin. Bhí cáil mhór ar na Burns, bhí bÁCús acu in Uachtar Ard agus bhíodh siad ag díol builíní chuile áit timpeall Chonamara.

Ansin tháinig Donald Robb anall as Albain, inealltóir a bhí ann agus is é a thóg an monarcha i 1947. Déanadh bainisteoir dó sa monarcha nuair a bhí sé tógtha. Sé an obair a bhíodh ann ar dtús, ag pacáil na feamainne i málaí agus chuirte ar bhád í, ar an steamer go hAlbain. D'éirigh sé sin ró-chostasach freisin agus sa deireadh ba ar leoraí a bhíodh an mhín dá tabhairt anonn. Ba faoi an chéad steamer a tháinig go Cill Chiaráin a déanadh 'Amhrán an Steamer', bhí ceol i dteach den bhaile agus bhí an máta, an captaen agus na mairnéalaigh ag an gceol.

Cuireadh stop leis an bhfeamainn thirim ansin píosa agus ba slata mara ar fad a bhíodh siad a phróiseáil. Lean na slata mara ar aghaidh go dtí 1962. Ba obair

chrua a bhí sna slata mara, bhíodh siad le triomú i dtornóg agus ansin bheadh siad le briseadh le *slasher* le cur ar an muileann. Bhíodh beirt ag cur na slata mara isteach ag an muileann, beirt ag cur na mine ón muileann i málaí agus beirt ag meáchan. Chaith mé seacht mbliana ar an muileann. Thagadh na slata mara as Árainn, Dún na nGall, Sligeach, Muigheo, Muighinis agus taobh thiar den Chlochán. I 1962 chuaigh siad ag obair ar an bhfeamainn fhliuch. Leoraí amháin sa ló a bhíodh siad a thógáil ar dtús ach cuireadh leis sin de réir a chéile. Sé Paddy Cleary, mac James Cleary a bhíodh ag ceannacht na feamainne. Ina dhiaidh sin sé Dermot Leavy a bhíodh ag ceannacht na feamainne ar feadh cheithre bliana nó mar sin. Nuair a d'imigh Donald Robb, tháinig fear as Stornoway in Oileán Leodhais mar bhainisteoir ginearálta sa monarcha, Peter MacIntyre.

Ar na bainisteoirí a bhí ann le mo linnse bhí Des Nolan ó 1963 go dtí 1969, bhí Des an ghníomhach agus chuir sé go leor rudaí ar siúl le linn do a bheith i gCill Chiaráin, chuir sé tús le rásaí curach is báid seoil arís. Bhí Michael Charlton ann, Stewart Freeman agus Michael Dever.

Ba as Ceantar na n-Oileán agus an taobh sin is mo a bhíodh feamainn ag teacht as. Bhí 25 leoraí as an taobh sin ag tarraingt fheamainne go Cill Chiaráin, Michael Mór, Antaine Lee, Micheál Seoige, Marcus Folan, Seán Bán, Michael Reaney, na Máille as Doire Fheárta, Pádraig Pheaitín Terry, Pádraig Joeín agus go leor eile. Bhí sé níos deireanaí nuair a fuair Val Clarke leoraí agus bhí feamainn go leor ag teacht as Ros Muc ansin. Ba feamainn fhliuch ar fad a bhí dá próiseáil sa monarcha le mo linnse.

Bhí muid ag obair le coirleach amannta freisin, bhí sé deacair a bheith ag obair léi, mar muna ar éirigh leat í a chur ag obair úr bhí sé an-éasca aici lobha. Bhí an-mhúin inti. Bhí min na coirleach agus na slata mara i bhfad níos daoire ná min na feamainne mar bhí sí an-saibhir ó thaobh mianraí.

I 1968 a thosaigh mise ag dul amach ag ceannacht na feamainne agus bhí mé ag plé leis an obair sin nó gur éirigh mé as obair. Thart ar chéad tonna feamainne a bhíodh muid a chur ag obair sa lá. Chaithfinn déanamh cinnte go raibh míle tonna feamainne ar an gcladach chuile rabharta agus í sin a thabhairt isteach de réir mar a bhí sí ag teastáil. Bhí trí chéad duine ag baint fheamainne don mhonarcha. Móin a bhíodh dá h-úsáid ann ag an am agus an dream nach raibh cladach ná feamainn acu bhí siad ag baint punt as freisin. Athraíodh uaidh sin go gual agus ina dhiaidh sin go bricíní móna.



Foireann oibre Arramara Teo. Cill Chiaráin 1964

(Ar chúil ó chlé): Jack Casey, Michael Pheter, Ciarán Shéamuis Ó Ceannabháin, Pádraig Phat Jim Ó Ceannabháin, Michael Shéamuis Ó Ceannabháin, Joe Thomáis Liam, Tom Madden, Dudley Conway, Joe Phatch, Josie Walsh, Dara Moylan, Joe John, Seán Redmond.
(Lár ó chlé): Pádraig McDonagh, Markie Ridge, Cóilín Chiaráin, Joe Mháire Mhicilín, Pádraig Casey, Pádraig Mhicilín Mhoir, Seán Chóilín Pháidín, Johnny Walsh.

(Tosach ó chlé): Paddy Phádraig Mhaidhc, Josie Tom, Michael Kelly, Tom, Thomas, Paddy Dundass, Johnny Walsh, Tomas Casey.

Bhíodh go leor freisin ag plé le feamainn thirim mar bhí chúig cinn déag de monarchana feamainne a bhí ag próiseáil feamainn thirim. Orthu sin bhí monarcha i gCloch na Rón, Baile Conghaile, an Cheathrú Rua, monarchan i nDún na nGall, Orán Mór, Cill Rois agus cinn eile. Ba mhór an job an dream a bhíodh ag plé leis an bhfeamainn thirim a thabhairt arais ag an bhfeamainn fhliuch cé go dtógfadh sé i bhfad níos faide leoraí feamainn thirim a shabháil agus go raibh tú ag brath ar an aimsir. Bhí an praghas níos fearr ar fheamainn thirim, feamainn scinne, bhíodh siad ag fáil £16 agus as sin suas go dtí £20 an tonna uirthi. D'íocfaí de réir gráda an fheamainn thirim i gCill Rois. Idir 8 - 9 tonna a bhí leoraí in ann a thabhairt leí. £2 an tonna a bhí feamainn fhliuch ag dul. Bhí beirt fhir a bheadh ag baint le chéile in ann leoraí feamainne a bhaint chuile seachtain.

Bhí rialacha ann i gcónaí ó thaobh an fheamainn a chosaint. Rud amháin nár mhaith leo, an fheamainn a strachailt de na clocha mar tharraingíodh sé an rúta de na clocha. Bhí tú ceapaithe ceathair nó cúig d'orlaí a fhágáil ar an gcloch, dá rachfaí ró-ghearr thógadh sé i bhfad go bhfásadh sí arís. Sé an port a bhíodh thart chuile áit ansin go n-imeodh an fheamainn agus nach mbeadh a dhóthain feamainne ann leis an monarcha a choinneáil ag imeacht. An fheamainn nár baineadh leis an fhad seo blianta,

bheadh sí an-fhada ach ní raibh tiubhas ar bith inti. Bheadh ort go leor cladach a bhaint le leoraí feamainne a bhaint agus bhí na rútaí anas a bheith caite, bhí go leor imithe. Marach go dtáinig baint na feamainne arais ní bheadh mórán di ann anois. D'fhás sí arais ar nós féar agus d'fhás sí tiubh. San áit a mbainfeadh tú leoraí amháin feamainne, i gceann cúig bliana bhainfeá ceithre leoraí ann. Nuair a choinnítear gearrtha í, feabhsaíonn an rúta agus fásann sí níos tiubhe.

Comhlacht ann féin a bhí in Arramara Teo. Bhí monarcha eile acu i nDún na nGall. Théadh chuile bhlais den ghrán go hAlbain. Bhí baint ag an dá chomhlacht le chéile. Chuirte sampla den fheamainn go Sasana chuile lá agus chomh luath is a phasáilfí é sin, d'íocfadh siad an t-airgead isteach sa mbanc, fiú muna raibh sé ag teastáil go ceann sé mhí. Sin é an fáth go gcaitheadh mise a bheith an-ghéar faoi chaighdeán na feamainne. Muna ndéanfadh sí an grád ní cheannófaí an grán agus is iomaí uair a chaith mé feamainn a chur go leathtaobh dá bharr sin. Feamainn bhuí bholgach an fheamainn ab fhearr. Bhí mé thall in Oban, an áit a raibh an monarcha in Albain. Dhéantaí an chéad chuid eile den phróiseas ansin. Chuirte an mhín isteach i dtolláin mhóra agus chuirte uisce uirthi. An sú a thagadh as sin, thriomófaí arís é agus mhilltí é sin agus thagadh sé amach ina phúdar bán. Bhíodh sé

dá úsáid i mbeoir, i gcomhábhar leighis, i mbia agus i rudaí go leor eile.

Tá mé éirithe as an obair anois le haon bhliain déag. Bhí mé féin, Paddy Cleary agus Olive Walsh le retireáil an lá céanna. Ba as Uachtar Ard Olive agus bhí sí ag obair san oifig in Arramara, sul má thosaigh mise ann. Fuair sí ailse scaitheadh gearr sul má bhí sí le éirí as obair agus bhásaigh sí sul a dtáinig an lá.

Comórtais, An tOireachtas agus Corn Uí Riada

Ní bhínn ag cur isteach ar mórán comórtais. Bhí mé istigh ar an gclár *Bring Down the Lamp* ar RTE. Bhí Micheál Ó hÉidhin ag roghnú daoine i Ros Muc le dhul ar an gclár, chuir sé test beag orm, sin i 1968. Chuaigh mé ag Fleadh Cheoil Chonnacht ina dhiaidh sin agus bhuaigh mé ansin. An bhliain chéanna chuir mé isteach ar an Oireachtas agus fuair mé an chéad áit i gComórtas na bhFear. Bhuaigh mé Comórtas na bhFear faoi dhó, i 1968 agus i 1978, agus Corn Uí Riada faoi dhó, i 1975 agus arís i 1977. Is maith liom 'Amhrán Mhuighinse', 'Tá an Oíche seo Dorcha', bhuaigh mé an tOireachtas leis an amhrán sin; Bean an Fhir Rua amhrán eile a thaitníonn liom.

Nuair a bhuafá ag an Oireachtas, d'fhaighfeá cuireadh go háiteacha eile, cé gur minic a bhíodh ormsa cuireadh a eiteachtáil mar gheall ar obair. Ar cheann de na turais a fuair mé thar lear, bhí píosa de sheachtain iontach a chaith mé i mBriotáin na Fraince i 1975. Bhí an aimsir iontach, bhí daoine as seacht dtír Ceilteach eile ann. Chuaigh muid as sin go Berlin. Nuair a chuaigh mé suas ar an ardán i mBerlin, dúirt an fear a bhí ag déanamh an cur i láthair "The stage is all yours now for one hour". B'éigin dom fanacht thuas ann ar feadh uair a' chloig. Níl aon amhrán dár déanadh nó dár chuala mé ariamh nár chas mé an oíche sin, agus chas mé cuid acu dó nó trí de uaireanta. Is le *band* a bhí siad ag súil. Bhí mé san Eilbhéis agus i Meiriceá go minic. Ní raibh mé i Meiriceá anois le scaitheadh ó fuair cúrsaí eacnamaíochta go dona ansin. Tháinig deireadh leis an imeachta a bhíodh ar siúl ansin, tá siad ag rá go dtosóidh siad arís má fheabhsaíonn rudaí ansin. Chaith mé seachtain ar na h-oileáin in Albain ag casadh in áiteacha difriúla chuile oíche. Fuair mé seachtain saoire ó Arramara agus dúirt siad liom seachtain eile a thógáil agus cuairt a thabhairt ar na monarchana feamainne ansin.

Ní bhíonn leigheas ar an ngrá ach pósadh

As Co. Lú Rita Devine ó dhúchas. Ba i mBaile Átha Cliath a bhí cónaí ar Rita nuair a chuir mise aithne

uirthi, bhí sí ag obair le RTE ag an am. Bhíodh sí ag teacht don Cheathrú Rua ar saoire. Bhíodh seisiúin ceoil sa Chistin ag an am. Sin é an chéad áit ar chuir mé aithne uirthi. Bhí mé lá istigh sa Dóirín Glas ag breathnú ar fheamainn. Bhí sí féin agus cailín eile, cara leí ag siúl. Stop mé agus thairg mé *lift* siar dóibh. Bhí píosa fada siúlta acu ón áit a raibh an carr fágtha acu. D'fheicinn ag na comórtais í freisin, is amhránaí í Rita. Fuair muid seachtain saoire i Sligeach uair, agus nuair a bhíodh muid sa bpub san oíche, bhíodh muintir na h-áite ag fiafraí dom, "are you the singer's husband?". B'ise an t-amhránaí i Sligeach, ní bhreathnódh siad díreach ormsa. Phós muid i 1969, tá beirt chlainne againn, cupla, Ciarán agus Fionnuala agus tá ceathrar garchlann againn. Tá Fionnuala anseo in Éirinn agus tá Ciarán sa Danmhairg, tá sé pósta le bean as an Danmhairg. Tá beirt mhac ag chaon duine acu atá ar chomhaois, sé bliana agus trí bliana.

D'foghlaím Rita Mhic an Iomaire a cuid Gaeilge ar scoil agus cé go raibh sí go maith ag scríobh agus ag léamh Gaeilge ní raibh mórán taithí aici a labhairt, nó go raibh sí fiche bliain d'aois, nuair a thosaigh sí ag obair mar stát sheirbhíseach sa Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath. Bhí an-suim aici sna h-amhráin, go mór mhór amhráin Chúige Laighean. Bailéid Bhéarla is mó a chasann Rita. Sé an t-amhrán is ansa leí, An Droighneán Donn. Théadh sí ag ceardlann amhránaíochta 'Claisceadal' a bhí faoi stiúir Sheán Óg Uí Thuama a bhíodh ar siúl i gClub Chonradh na Gaeilge chuile oíche Dé h-Aoine sna seascadaí.

Chuaigh sí ag obair i Raidió Éireann i Sráid Henry tar éis di an Roinn Oideachais a fhágáil, mar rúnaí agus eagarthóir sa seomra nuachta. Nuair a d'aistrigh an Raidió go Montrose bhí Rita ar dhuine den chéad dream a chuaigh go Montrose, sin i 1960. Bhí sí ag obair ansin mar chúntóir léirithe sa seomra nuachta. Ní bhfuair sí deacair chor ar bith é a deir sí socrú síos i Ros Dúgáin cé go mba athrú mór é ó Bhaile Átha Cliath. Chuidigh sé leí, a deir sí, go raibh Gaeilge aici agus de bharr go mbíodh sí ag teacht ar saoire don Cheathrú Rua bhí aithne aici ar dhaoine agus ar chultúr Chonamara.

Pléaráca Chonamara 1991 - 2011

le Donncha Ó hÉallaithe

*Meán Fómhair 1991
reachtáil le Pléaráca
Chonamara don chéad uair. Bhí
Donncha Ó hÉallaithe ar an
gcéad choiste eagraithe agus ina
eagarthóir ar an iris Pléaráca
'91. San alt seo caitheann sé
súil siar ar an gcéad fhéile a
eagraíodh agus breathnaíonn sé
ar na aidhmeanna a bhí ag an
gcéad fhéile maidir le caomhnú
na Gaeilge sa Ghaeltacht.*


Murach Breandán Ó hEithir, an t-údar iomráiteach ó Inis Mór, ní bheadh Pléaráca Chonamara ann. Chuir sé olc orainn agus b'é an t-olc sin a thug le chéile muid. Bhí fearg agus alltacht orainn leis an méid a bhí scríofa ag Breandán faoin nGaelacht sa tuarascáil a chuir sé i dtoll a chéile do Bhord na Gaeilge ar 'Staid Láithreach na Gaeilge'. Níor foilsíodh an tuarascáil ag an am, ní nach ionadh, ach sceitheadh é le Raidió na Gaeltachta, thart ar 6 mhí tar éis bhás a údair. Bhí a thuarascáil éadóchasach, searbh agus maslach. Thug sé le fios nach raibh mórán bróid ag muintir Chonamara as an dteanga áitiúil a bhí á labhairt sa gceantar leis na cianta.

An mheitheal a bhí taobh thiar den stáisiún bradach teilifíse a chur ar an aer i Ros Muc, shíleamar go mba cheart rud éicint a dhéanamh chun a thaispeáint nach raibh an ceart ag Ó hEithir faoin nGaelacht. Tugadh cruinniú le chéile in Áras Mháirtín Uí Chadhain sa

gCeathrú Rua, le ionadaithe i láthair ó chuid mhaith de na coistí pobail a bhí gníomhach ag an am agus iarrachtaí móra ar bun acu, leis an nGaeilge a choinneál beo beathaíoch i measc an phobail.

An bun smaoineamh a bhí ag an ngrúpa a thug an cruinniú le chéile ná go mba cheart "Socraid na Gaeilge" a eagrú ó Chárna go Bearna: socraid spraoiúil meidhreach magúil a bhí i gceist againn lena léiriú do phobal mór na hÉireann nach raibh an scéal leath chomh dona is a bhí ráite ag Ó hEithir ina thuarascáil. Paráid a bheadh sa socraid a thosnódh i gCárna agus ar an mbealach aniar bheadh iarsmaí de chultúr na Gaeltachta á gcur sa gcónra. I gCárna, mar shampla, caisead de chuid Joe Heanue; Ros Muc leabhar le Sean Phádraig Ó Conaire; Leitir Móir halmadóir as ghleoiteog; i gCasla céad sceideal Raidió na Gaeltachta; ar an gCeathrú Rua an fhoirm dole; ar an gCnoc glaic fód móra; sa Spidéal leabhar de chuid an Chadhnaigh agus sna Forbacha tuarascáil bhliantúil Údarás na Gaeltachta. Bhí Pádraig Breathnach, bainisteoir Macnas sásta gníomhú mar adhlacóir, gléasadh suas dá réir agus usáid a bhaint as an hearse a bhíodh aige ag an am.

Ag an gcruinniú cuireadh an smaoineamh os comhair na n-ionadaithe óna eagraíochtaí pobail a bhí i láthair. Dúirt Pádraig Ó Cosgordha ó Chárna go mb'fhearr féile a eagrú, le



Donncha Ó hÉallaithe

cultúr na Gaeltachta a cheiliúradh, mar go mb'fhéidir go mbainfí míthuiscint as socraid. B'shin a socraíodh: féile deireadh seachtaine a eagrú le ceiliúradh a dhéanamh ar Chonamara Theas lena thaispeáint don saol mór go raibh brí agus beocht agus fuinneamh i gcultúr na Gaeltachta i gcónaí. Theastaigh ainm a chur ar an bhféile. Colm Ó Cinnseala, a bhí ann ó Choiste na bhForbacha a tháinig aníos leis an t-ainm "Pléaráca Chonamara". Ba mhaith é mar ainm.

Shíleamar i dtosach go mb'fhearr an fhéile a eagrú sa gCeathrú Rua, ach nuair nár tháinig aon duine ón gCeathrú Rua ag an gcruinniú ag a raibh an clár le leagan amach, socraíodh é a eagrú i gCamus. Bhí neart áiseanna sa gCeathrú

Rua ach ní raibh aon tacaíocht ón bpobal ann. Ní raibh mórán áiseanna i gCamus ach bhí spiorad, fuinneamh agus misneach ag na daoine a bhí ar an gCoiste Pobail agus bhí neart daoine sa phobal a bhí sásta oibriú go deonach.

Cuireadh marquee in airde ar an bpáirc in aice an halla, eagraíodh ceadúnas óil don halla, agus lár mí Mheán Fómhair 1991, bhí deireadh seachtaine den scoth i gCamus, ar a bhfuil daoine ag caint ó shin. Bhí De Danann againn, Máirtín O Connor, An Máimín Cajun Band agus chuir Macnas na Fir Bolg ar fáil don paráid ar an Domhnach.

As an deireadh seachtaine sin d'eascair go leor. Níl anseo thíos ach cuid de na torthaí maithe a bhí ar an deireadh seachtaine sin:

- Cuireadh Scéim Ealaíona Phléaráca ar bun le airgead ón Combat Poverty Agency i dtosach agus ina dhiaidh sin le airgead ón gClár Forbartha Pobail. B'é an scéim sin a chuir ar súile do Údarás na Gaeltachta go raibh Ealaíon Pobail tábhachtach.

- Mar go raibh comórtas damhsa ar an Sean Nós lárnach don bhféile ón tús, cothaíodh stíl damhsa Chonamara i measc daoine óga. Is ag Féile an Phléaráca a tháinig Joe Ó Neachtain (An Spidéal); Róisín Ní Mhainnín (Ros Muc); Pádraig agus Gearóid Devaney chun cinn mar damhsóirí den scoth. Chomh maith is a d'éirigh leis an gcomórtas damhsa ar an Sean Nós sa gCistin ar an gCeathrú Rua, ba chúis le Oireachtas na Gaeilge

céim mhór chun cinn a thógáil agus aitheantas a thabhairt don damhsa ar an sean nós ag an Oireachtas chuile bhliain. Tá an damhsa ar an sean nós ag scaipeadh mar a bheadh galar tógalach ar fud na tíre agus ar fud an domhain anois. Is beag nach raibh sé ar an dé deiridh i 1991, nuair a eagraíodh an chéad comórtas i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa sa gCistin, a bhuíochas sin do Mháirtín Jaimis Ó Flaithearta, a d'iarr ar mhuintir Uí Sheagha an corn a chur suas agus a d'iarr ar dhamhsóirí ar a aithne cur isteach ar an gcomórtas.

- Nuair a thosaigh Pléaráca Chonamara 20 bliain ó shin, bhí drámaíocht na Gaeilge ar an dé deiridh i gConamara. Ceann de na rudaí a rinne Pléaráca ná Joe Steve Ó Neachtain a chur i mbun pinn ag scríobh geamaireachtaí ar nós 'Cóilín Phádraig Shéamais' agus 'Peigín is an Scorach' agus 'Púca Dubh na Tuláí'. Líonadh hallaí ar fud Conamara leis na geamaireachtaí céanna. Chabhraigh na geamaireachtaí sin le borradh a chur sa drámaíocht ina athuair i gConamara. Thug sé an misneach do chumainn drámaíochta tabhairt faoi arís, nuair a b'fhacthas dóibh go bhféadfaí hallaí a líonadh le drama. Chomh maith le sin is ag glacadh páirt i ngeamaireachtaí an Phléaráca a thosaigh go leor de na aisteoirí is cumasaí ó Chonamara, atá le feiceáil ar na scáileáin, daoine ar nós Darach Ó Dubháin, Pól Ó Gríofa agus Linda Bhreathnach.

D'éirigh chomh maith leis an gcéad Phléaráca gur deineadh féile bhliantúil dhó. I gceantar an Chnoic, a eagraíodh Pléaráca

Chonamara 2010 agus cosúil leis an gcéad Phléaráca ní raibh aon chinnteacht ann go mbeadh aon airgead ar fáil lena eagrú ón státchiste ach bhí daoine sásta tabhairt faoi agus bhí deireadh seachtaine ar dóigh againn, mar a deirtear i nGaoth Dobhair, idir scannáin taobh amuigh ar bhinn Tí Mholly go ithe muc amuigh faoin aer, le neart ceoil is craic ina lár.

Ag Pléaráca Chonamara 2010, chroch sé mo chroí agus thug sé dóchas dom a fheiceáil go bhfuil glún nua tagaithe chun cinn, ag a bhfuil samhlaíocht, misneach is féinmhuinín chun tabhairt faoi rudaí a eagrú go maith. Cé nach raibh an cuid is mó acu ach sa bhunscoil, nuair a foilsíodh tuarascáil Uí Eithir agus nuair a eagraíodh an chéad Phléaráca i 1991, tá an dúshlán céanna rompu i gcónaí maidir le cultúr saibhir na Gaeltachta a cheiliúradh agus a choinneál os comhair súile an phobail mar chuid luachmhar de oidhreacht bheo Chonamara Theas.

Is faoi mhuintir Chill Chiaráin atá sé an tóirse a choinneál lasta i mbliana. Tá féile den scoth eagraithe, lena thaispeáint don saol mór go bhfuil cultúr na Gaeltachta beo beathaíoch i gcónaí agus go dtuigtear a luach. Bíodh muid buíoch do Bhreandán Ó hEithir. Murach a thuarascáil ní bheadh Pléaráca Chonamara ann.



Íomha file agus blaiseadh dá shaothar

- Paddy Mhéime Ó Súilleabháin



"Easpa focal bua an fhile ag inseacht scéal fada"

Rugadh mé i Loch Con Aortha i 1944. Ba mé an duine ba shine de dheichniúr clainne. B'é mo chuid oideachais ná an bun scoil, agus cúpla mí ag Gairm Scoil na bPiarsach i Ros Muc. Bhain mé an teastas Primary amach ar chríochnú sa mbun scoil dom, agus b'shin é é maidir le teastais. Rinne mé cúrsa béarla agus filíochta, mar correspondence course agus mé ag obair san *outback* in iarthuaisceart na h-Astráile sa gcéad dá bhliain de na seachtóidí ach ní dhearna mé aon scrúdú ansin riamh.

Thosaigh mé ag léamh luath go maith i m-óige mar phléisiúr. Leabhair Bhéarla is mo a bhínn ag léamh sna blianta a raibh mé ar imirce. Bhí sé níos éasca teacht trasna ar leabhair Bhéarla ná mar a bhí ar leabhair Ghaeilge go minic. Bhí dúil agam sa bhfilíocht ón gcéad uair a léigh mé 'Ode to a Nightingale' le John Keats. Cheap mé go raibh draíocht ann. Le cúpla bliain thosaigh mé ag léamh na bhfilí Gaeilge, go h'áirithe filí mo



Paddy Mhéime Ó Súilleabháin & a garíníon Sadhbh

cheantar dúchais féin, bhí tionchar mór acu orm agus thug siad spreagadh dom dul ag scríobh.

Tá mé ag scríobh anois le os cionn bliana, sin filíocht Bhéarla agus Ghaeilge, deireanach go maith b'fhéidir domsa. Seo é an chéad uair dánta Gaeilge liom a bheith le feiceáil go poiblí. Tá dánta Béarla léite go poiblí agam le tamall.

Cion Ceilte

Tá ualach mór le n-iompar
Ag cúpla atá séanadh a gcion.
Mar gheall ar mheon daoine
Atá aineolach ina g-cás.

Tabhairt breith ar an nádur
Gan tuiscint ar a chinneadh.
Níthe nach nach bhfuil glactha,
Ag moráltacht na cruinne.

Bí ciallmhar i do mheas,
Mall ag caitheamh an chloich.
Muna dtuigeann tú an leas,
Tuig nach bhfuil aon olc.

Ná caith dímheas ar aon bheirt
Gan tuiscint cad é a dtoil.
Atá in éineacht ag an nádur,
Agus sin an chaoi a bhfuil.

Bhí cúpla i ngáirdín álainn,
Beirt eile ar an taobh amuigh.
Siar sna déaga cianta ó shin,
Bhfuil meon ag athrú anois?

Éifeacht

Eachtraí earráideacha m'óige
Curtha anois ar lár.
Trócaireach bódh do mheas
Bhí mo thoil úríseal.
Gaoth chórach ní bheidh i gconaí
Lig scíth ar d'aistear.

Ríméad agus gliondar na hóige
Teicneolaíocht na linne.
An aigne ag lorg, ag sú.
Ní bheidh arís mar atá.
Níor airigh éifeacht neamhghnách
Suí ar chlaí na teorann.

Cóil

Fear cineálta gan mórán cúraim, b'in é Cóil.
Ginte as scoth na mbádóirí le meas is bród.
Bhí aige tríd a shaol dúil mór san ól

A d'fhág é gan imní ná gan mórán stró
Chuaigh ag bádóireacht le gaolta ina scorach óg
Tabhairt móin go Gaillimh agus na hoileáin máguaird
Chaith laethanta breátha díomhaoin, feistithe sa ród
D'fhan ansin sa mbaile nuair a tháinig uair ar cuairt
D'iompair Cóil é féin cibé áit a raibh a thriall
Chaith sé a shaol mar cheap meon a chiall
Níor labhair focal maslach le duine riamh
Agus bhásaigh mar a mhair gan mórán pian.

An duine atá crúógach ag cruinniú stóir
Lig scíth ar feadh tamaill, cuimhnigh ar Chóil.

Mála Móna

Siúl an bhóthair
Tráthnóna Fómhair
Bhí Páraic Anna
Le éadan gruama.

Bróga gréasaí
Bríste bréidín.
Ar a dhroim
Bhí mála móna.

Bheannaigh mise,
D'fhreagair eisean
Bhí air deifir.
An mála trom.

Le hais na locha
Chónaigh Páraic.
Teaichín gleoite
Cloigeann tuí.

Cónaí ina aonar
Bhí sé aosta
Beagán pléisiúr
Uaigneas mór.

Bhásaigh Páraic
Oíche Gheimhridh.
Le taobh na tine
Bhí mála móna.

An Droichead Nua

Bhí an bóthar ciúin an tráthnóna Earraigh sin
Spéir gorm, bhí ceiliúr éan le clos.
Shiúil an bheirt chuig an droichead nua.
Aistear leath-mhíle, tuairim
Thosaigh an gasúr ag rith le ríméad
Nuair a chonaic sé an droichead roimhe
Le bheith ar an gcéad duine ann.
Bhagair a mháthair gan a bheith ag rith
Ach rinne sise amhlaidh.
Nuair tháinig sí suas leis, stop siad
lad ina seasamh i lár an droichid.
Rug sí ar lámh air agus bhreathnaigh timpeall
Seo é an droichead is áille sa domhan
Bhí misneach aige le taobh
A mháthar ag breathnú síos sa taoille.
Bhí sé ag tuile, nó b'fhéidir gur ag trá a bhí
Ní facthas droichead chomh mór riamh
B'fhéidir gurb é an droichead is mó uilig é
Tar éis tamall, lámh ar lámh, shiúil siad abhaile.

Bhí an fear ina sheasamh in aonar ag na ráillí
Go domhain ina smaointe ag breathnú sa taoille
Bhí sé ag tuile, b'fhéidir gur ag trá a bhí.
Bhí an droichead nua dá iompar ar ais arís
Tar éis tamall shiúil go mall réidh i dtreo an bhaile.

Scéalta Síogaí

Fir in éadaí bréidín
Thart timpeall tine mhóna
Oícheanta fada Geimhridh
Ag cuartaíocht, tí Dhaideo.

Ag aithris scéalta taibhsí
Mise i mo shuí sa gclúid.
Mar chreid mé sna síogaí.
Seanchas ag éirí suas.

Scéalaí glanadh a phíopa
'Cuir fad le hinsint scéil
Spás mór idir gach focal
Bhíodh na criogair féin ciúin.

Caint a bhí mánla nádúrtha
Má's fíor, nó déanta suas,
Draíocht ar leith sa leagan
Beidh meas agam orthu go deo.

Oíche áirneáin geimhridh
Níl na fir anseo níos mó
Cuimhním ar gach taibhse
Gach, síog, nuair bhí mé óg.

Rún na gCloch

Tá clocha reatha ina seasamh ciúin
Ar thaobh Chnoc Mordáin atá siad.
Go héigríoch na cruinne ina dtost
Céard atá cloiste acu gan admháil.

Fuaim taistealaithe a'déanamh a mbealach
B'fhéidir ligean scíth san am atá caite
Ar foscadh ó mhúr nó teas na gréine.
Tá a gcuid gníomhartha, éachtaí agus nádúr,
Fós faoi rún ag clocha Chnoc Mordáin.

Amannta domhain san oíche, tá fuaim
Le cloisteáil ar an ngoath aniar, ach
Fós tá na clocha reatha ina seasamh ciúin.


Bainis Liam agus Cháit

Tuairisc ó Máire Treasa Ní Cheallaigh

Is fada ó Mhainistir Westminster agus na Windsors a tógadh mise, ach is ann a bhí mé ar an 29 Aibreán ag tuairisciú ar bhainis An Phrionsa William agus Kate Middleton, nó Liam agus Cáit mar a bheadh orthu dá mbeidís ag pósadh sa taobh seo tíre. Landáil mé féin agus an ceamaradóir Dave, i Londain cúpla lá roimhré, agus sé an chéad jab a bhí againn ná ár gcuid pasanna a bhailiú don lá mór. Shiúil muid síos go dtí an Mainistir ansin agus cé go raibh an lá mór fós dhá lá uainn, bhí cúpla céad suite ansin i gcampaí agus i málaí codlata, iad ag coinneáil greim daingean ar a n-áit suite. Bhí cuid acu tagtha ó chomh fada ó bhaile leis an Astráil agus Ceanada. Agus bhí an-time acu! Bhíodar ag amhránaíocht, ag caint is ag comhrá, agus ní raibh stáisiún teilifíse nó raidió ó Sydney go San Francisco nár chuir faoi agallamh iad.

Is in Óstan Goring i Belgravia a bhí muintir Middleton ag fanacht, agus ní raibh sé achar ar bith ón mainistir, agus chuaigh mé suas ansin deireanach tráthnóna Déardaoin. Bhí daoine cruinnithe ansin chomh maith, agus cé nach bhfaca mise iad, is cosúil go ndeachaigh Kate, a máthair Carole agus a deirfiúr Pippa, isteach is amach cúpla geábh. Ach chonaic mé rud amháin ar thug mé suntas dó. Bhí fir ag crochadh isteach málaí agus hataí, agus nár thit ceann de na málaí uathu, agus chonaic muid íochtar gúna bán éigin! Dúirt muid linn féin nach raibh sé sách galánta le bheith ina ghúna bainise, ach anois, agus Pippa feicthe againn, is dóigh liom gur gúna bán Phippa a bhí ann. Tá súil agam nár bhfuair mo dhuine mórán d'íde béil sa Goring!

Faoin am ar tháinig oíche Déardaoin, bhí na sráideanna plódaithe. Ní raibh áit siúil ann, agus is mé a bhí buíoch as mo phas. Taobh thiar den tslua bhí seastáin crochta do na meáin, rud a chinntigh go raibh radharc againn. Faoi dheireadh tháinig an lá mór,



An Diuc agus Bandiuc Chambridge, Liam & Cáit

agus d'fhág mé féin agus Dave an t-óstán ag leath uair théis a cúig ar maidin. Cheapfainn nach raibh Kate Middleton éirithe as a leaba fós faoin am a landáil muid ann, agus i ndáiríre ní raibh am ar bith le sparáil againn. D'éirigh le Dave nead a dhéanamh dó féin i gcoirnéal, agus fuair sé seatanna iontacha do chuile dhuine a bhí ag dul isteach agus amach sa Mhainistir. Cé nach raibh sé ach thart ar a seacht a chlog ar maidin bhí sceitimíní na ndaoine le mothú san aer. Rinne mé cúpla agallamh le RTE Raidió na Gaeltachta i rith na maidine, agus ar deireadh, bhí orthu imeacht uaim mar bhí an oiread sin torann timpeall orm, go háirithe nuair a thosaigh na daoine cáiliúla ag tarraingt ar an mainistir, David agus Victoria Beckham, Elton John, David agus Samantha Cameron, agus ríthe agus banríonacha ó ar fud an domhain. Agus b'iad

sin na daoine a bhí iarrtha ag an mbainis. Ar mo thaobhsa den bhóthar, bhí na hainmneacha móra ó na meáin. Bhí mé ag seasamh in aice le leithidí Fiona Bruce, Katie Couric, Anderson Cooper agus Fearne Cotton.

Nuair a bhí chuile dhuine istigh sa mhainistir, tháinig an Teaghlach Ríoga i gcarranna móra galánta, an Prionsa William agus a dheartháir Harry ar dtús, ansin tháinig an chuid eile acu, ina measc an Bhanphrionsa Beatrice lena hata mór a bhain stangadh as na céadta a bhí cruinnithe taobh amuigh, agus ar chaith na páipéir coicís ag caint faoi. Ní raibh Kate Middleton ach dhá nóimead deireanach, agus mhothfá an slua a mbrú féin chun cinn chomh maith agus a bhíodar in ann, ag iarraidh í a fheiceáil. Chloisféa an Aaaaahhhhhh! agus an bualadh bos in Albain, ba léir gur cheap na daoine a bhí cruinnithe ansin le trí lá gur bhfiú a gcuid trioblóide é. Bhí na meáin gaibhte craiceáilte ar thóir eolais faoin ngúna, agus bhí deatach ag teacht ó chuid de na ríomhairí lena ndeifir ag iarraidh an scéal a scaipeadh. Tar éis an phósadh, d'imigh an Teaghlach Ríoga go dtí Pálás Bhuckingham, agus lean go leor den dream a bhí cruinnithe ag an mainistir iad. B'aisteach an radharc é, ag breathnú ar na mílte ag baint as, suas i dtreo an Grand Mall agus an Pálás le bheith ann nuair a thiofáidís amach ar an mbalcóin. Faoin tráth sin bhí obair le déanamh agamsa, labhair mé le beirt bhan óg ón gCeathrú Rua atá ag cur fúthú i Londain, le bainisteoir óstáin as Gaoth Dobhair, agus le seodóir as



Slua taobh amuigh do Mhainistir Westminster

Baile Átha an Rí...ag fáil amach céard a cheap siad faoin lá agus faoin ngúna.

Agus an ghrian ag dul faoi, bhí na sluaite fós ar shráideanna agus i bpáirceanna Londain, ag baint sult as an aimsir bhreá agus as an lá. Cibé céard é do thuairim faoi Theaghlach Ríoga Shasana, thug siad an-lá don milliún duine a chruinnigh i Londain, agus tá mé cinnte nach bhfeicfidh mé a leithéide arís. Go mairfidh Liam agus Cáit!



MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360/552021
glengowlamines@eircom.net
www.glengowlamines.com

Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois

Turais faoi thalamh le treoraí/
siúlóidí nádúir

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017
Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

Oireachtas na Samhna 2011

Cill Airne, Co. Chiarraí

Tá Clár na gComórtas Ardáin ar fáil anois!

I measc na gcomórtas tá:

Amhránaíocht ar an Sean-Nós, Rince Aonair ar an Sean-Nós, Dreas Cainte, Scéalaíocht, Agallamh Beirte, Sceitse, Lúibíní, Amhránaíocht Nach Sean-Nós Í, Amhráin Nua-Chumtha, Amhrán Saothair, Seó Ardáin (do dhaoine óga), An Phíb Uilleann, Veidhlín, Cláirseach / Cruit agus Ceol Beirte.

Spríodhata d'Iontrálacha: 15 Meán Fómhair 2011

LAETHANTA NA gCOMÓRTAS

Déardaoin, Dé hAoine & Dé Sathairn

3, 4 & 5 Samhain 2011

OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile

Átha Cliath 2, Éire


Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67

Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie

Suíomh Gréasáin: www.antoireachtas.ie

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó Foras na Gaeilge





Gwyneth Uí Ghaora

Gwyneth Uí Ghaora

Ealaíontóir as an Bhreathain Bhig ó dhúchas



Dá n-abródh tú liom scór bliain ó shin go mbeinn fós i mo chónaí i gConamara, ní chreidfinn tú! Ach, naoi mbliana déag tar éis dom an Bhreatain Bheag a fhágáil, le líne amach as amhrán dílseacht Breatnais a ghoid – le athrú beag, - “Dwi yma o hyd” (Tá mé fós anseo). Bhí an t-ádh orm gur tháinig mé anall an t-am sin, mar gur cuireadh tús leis an bPléaráca go luath ina dhiaidh sin! B’ iontach an rud é sin domsa mar go raibh mé in ann aithne a chur ar na daoine, mo chuid Gaeilge a chur chun cinn agus a bheith ag plé le h-ábhair a bhí chomh tábhachtach i mo shaol.

Thall i mo thír féin, ach an oiread leis an tír seo, bhí rudaí go dona ó thaobh oibre de agus ní raibh postanna ealaíne le fáil beag ná mór muna ngabhfaidh daoine chuig na cathracha móra i Sasana, rud nach raibh mise a iarraidh ar chor ar bith, mar bhí mo chuid gasúir beo ag an am sin. B’é an t-aon ghanntanas a bhí ann, ná i gcúrsaí teangan agus mar sin, rinne mé Breatnais mar phríomh ábhar nuair a bhí mé ag déanamh mo chéim oideachais.

Ag múinteoireacht a bhí mé píosa maith den am sin, ag múineadh Breatnais trí mheán ábhair eile – ceol, drámaíocht agus ealaín go mór mór. Chaith mé píosa i mo chomhordaitheoir ar chúrsaí Breatnais do dhaoine fásta do chontae Cerrdigion agus do chontae Caerfyrddin. Duine ar bith a bhfuil aithne acu orm, chuirfeadh sé sin ag gáire iad, agus údar acu.

Bhí muid ag obair in oifig beag nach raibh mórán níos mó ná preas, agus go deimhin, marach mo chúntóir, Jen, ag an am, is dóigh liom go mbeadh mé baráilte ón dá chontae sin agus mo chiall, an méid atá agam, imithe uilig.

Lá amháin agus muid ag iarraidh a bheith ag cur cuntais in ord agus buiséad le socrú le haghaidh cúrsaí na bliana romhainn, bhí mo chloigeann bodhar agus chomh trína chéile ag an rud ar fad, rug mearbhall chomh dona sin orm gur chaith mé an páipéarachas uilig suas san aer! Thóg sé leathuair orm dá gcur le chéile arís! Ní dhearna Jen dearmad riamh ar an lá sin ach, bail ó Dhia uirthi, tá muid fós mór le chéile.

Níor mhair mé mórán achair eile sa bpost sin agus bhí an t-ádh orm gur éirigh liom job nua a fháil le cumann drámaíochta Arad Goch, a bhí ag cur béime ar dhrámaíocht san oideachas. Chaith mé cúpla bliain mhaith leo sin agus bhain mé an-taitneamh as ach,



Gwyneth Uí Ghaora

d’airigh mé go raibh athrú saoil ag teastáil uaim. Bhí grúpa againn a bhí tosnaíthe ag foghlaim Gaeilge agus dúirt mé liom féin, má bhí mé chun an teanga a fhoghlaim i gceart go raibh sé chomh maith dom dul go dtí an áit áit a raibh sí á labhairt, agus seo mé!

Is tríd an bPléaráca a chuir mé aithne ar Mheta agus thosaigh na ceardlaanna péintéireachta an t-am sin i Ros Muc agus i gCill Chiaráin. Bhíodh siad ar siúl i rith an lae, rud a chruthaíonn pictiúr den saol a bhí ann ag an am sin, roimh an “tíogar”.

Ina dhiaidh sin tháinig obair as chuile thaobh, idir fógraí síopaí agus B&B’s, péinteáil ainmneacha ar bháid, portráidí de chapaill, de báid agus de dhaoine freisin. Foilsíodh mo chéad leabhar do pháistí. Thosaigh mé ag obair le Teagmháil na nÓg, le gasúir in Inis Meáin, le VTOS agus le déanaí leis an Acadamh i gCarna, chomh maith le ceardlanna éagsúla faoi stiúr Éigse Éireann, Leabhar Power agus an Pléaráca. Anois tá Bernie Seoige ag cabhrú liom sna ranganna péintéireachta, mar go bhfuil grúpa chomh mór ag teacht ag an gceardlann anois agus tá mé an-bhuíoch di.

Tá súil agam go mbeidh daoine óga ag cur suime i gcúrsaí ealaíne, agus tá mé an-sásta go go bhfuil ealaín mar chuid den churaclam sna scoileanna anois. Teastaíonn cruthaitheacht agus fíis le dul i gcion ar fhadhbanna an tsaoil i láthair na h-uaire. Beidh deiseanna éagsúla agus suimiúla amuigh ansin ach a bheith solúbtha.

Faoi seo, is é Ros Muc mo bhaile - tá mé pósta le mo Mhicil, atá mar charraig le mo thaobh i gcónaí. Taitníonn mo chuid oibre liom. Tá muintir Ros Muc an-chineálta liom. Tá mo gháirdín ag fás. Tá Dia ar neamh agus chuile shórt go maith leis an domhan. Ach! Fainic nuair a bhíonn an Bhreatain Bheag ag imirt rugbaí!

Medjugorje

le Mary O'Toole



Séipéal Naomh Shéamuis i Medjugorje

Eagraíonn Mary turais go Medjugorje gach bliain. Freisin, déanann sí obair charthanach agus tugann sí cúnamh do theaghlaigh atá ar an ngannchuid.

Baile beag é Medugorje atá suite i Bosnia-Herzegovina. Tá sé cúpla uair ar bhus ó aerfort Dubrovnik nó Split. Is beag cainte a bhí faoi go dtí an 24 Meitheamh 1981 nuair a thaispeáin an Mhaighdeán Mhuire í féin do sheisear duine óg: Ivanka, Mirjana, Vicka, Ivan, Marija agus Jakov.

Tá Ivan, Vicka agus Marija ag feiceáil na Maighdine Muire gach lá ó shin ag 6.50 gach tráthnóna. Tagann sí ag an am céanna chuile lá. Tagann sí ag Ivan uaireanta eile chomh maith, b'fhéidir ag a deich a chlog san oíche in áit bheag a bhfuil clocha go leor ag íomha don Mhaighdeán Mhuire. Bhí an t-ádh orainn cúpla uair a bheith ann ag an am. Bíonn na mílte daoine ann agus gach duine ag rá an pháidirín nó go dtagann Ivan b'fhéidir leath uair roimhe. Nuair a thagann sí téann sé síos ar a ghlúine agus bíonn sé ag breathnú suas. Tagann ciúnas mór, chloisfeá briorán beag ag titim, maireann sé idir 5 go 7 nóiméad nó mar sin. Timpeall deich nóiméad ina dhiaidh insíonn sé an teachtaireacht a thug sí. Tá duine ann chun é athrú go gach teanga. Beannaíonn sí i gcónaí gach duine agus má tá tada agat a cheannaigh tú ann, bíonn ola ceannaithe ag go leor mar déanann sé maitheas do dhaoine má tá siad tinn, go mór mór.

Chuaigh na daoine óga tríd go leor ar dtús mar níor chreid aon duine iad, ní raibh siad ach idir sé bliana déag agus naoi mbliana déag d'aois. Cuireadh i bpriosiún iad uair amháin. Tá go leor gaithe orthu ó shin agus níl aon duine in ann déanamh amach gur bréag atá siad a inseacht. Cheapfainn féin nach mbeadh siad in ann an rud seo a choinneáil suas le 30 bliain marach go bhfuil sé fíor. Uair ar bith a bhfuil 'apparition' acu deirtear go dtéann an brú fola suas agus bíonn siad lag ar feadh cúpla uair ina dhiaidh.

Tarlaíonn go leor rudaí ann nach féidir míniú fháil orthu, ar nós tá dath ór in ann teacht ar an slabhra ar do pháidirín, tharla sé do uaireadóir liom féin. Bíonn an ghrian mar a bheadh sí ag damhsa sa spéir timpeall fiche chun a seacht gach tráthnóna an uair a thagann an Mhaighdeán Mhuire, má bhreathnaíonn tú is féidir le daoine dathanna a fheiceáil timpeall air, nó ar nós bheadh comaoineach mór ann. Tá crois eile ann, 'The Risen Christ' agus ar ghlúin dheis Íosa Críost, tá mar a bheadh braon ag teacht amach, bíonn na céadta ann i gcónaí agus naipicíní acu ag iarraidh an braon a fháil.

Tagann chuile chineál duine ann is cuma cén creideamh atá acu. Is iomaí duine a d'athraigh go Caitliceachas dá bharr agus a chuaigh ins na sagairt.

Tháinig Mel Gibson agus Jim Caviezel sul má thosaigh siad ar "The Passion of the Christ".

Chuir an Irish Times, Heather Parson ann le píosa a scríobh sna 80aidí. Is Protastúnach láidir a bhí inti. An chéad tráthnóna chonaic sí an ghrian agus "Mir" sa spéir os a cionn sin 'síochán' nó 'peace' sa teanga atá acu. Chuaigh an áit i gcion go mór uirthi agus tar éis achar gearr d'iompáigh sí ina Caitliceach. Scríobh sí leabhar faoi 'A Light Between the Hills'. Sin é an míniú atá le Medugorje i mBéarla. Labhair sagart ann an bhliain seo caite. Nuair a bhí sé dhá bhliain déag bhí sé ar drugaí, ag ól, ag fanacht ón scoil agus ag robáil daoine. Chuaigh sé go Medugorje le slua as Meiriceá. Nuair a chuaigh sé ar ais go Meiriceá chuaigh sé ina shagart. Bhí sé ar ais ag inseacht a scéal agus bhí go leor daoine ag caoineadh ag éisteacht leis. Fuair

fear eile an-tinn ar an gcnoc agus thug beirt fhear anuas é. An lá ina dhiaidh bhí a mhuintir ag iarraidh buíochas a ghlacadh leo. Nuair a casadh leo iad d'fhiafraigh siad cá raibh an bheirt eile a thug cúnamh, dúradh leo nach raibh ann ach an bheirt ach chonaic siad seo ceathrar. Ní raibh aon mhíniú air. Deirtear go bhfuil an diabhal ann freisin (sin le haghaidh na daoine a chreideann é).

Chonaic beirt a bhí liomsa uair bean sínte ar an talamh agus sagart ag guí os a cionn, cuma uafásach uirthi agus í ag iarraidh greim a bhaint as cois an t-sagairt. Bhí siad ag iarraidh an diabhal a bhaint aisti. Tá an scéal sin fíor, mar a dúirt mé is daoine iad a bhí ar an oilithreacht liom.

An bhliain seo caite casadh beirt orainn as Gaillimh a bhí díreach tar éis pósadh. Casadh ar a chéile iad i Medugorje cúpla bliain roimhe. Bhí fadhb mhór óil ag an bhfear. Casadh an cailín seo air agus thug sé suas an t-ól. Phós siad ansin agus chuaigh go Medugorje ar mhí na meala.

Tá an t-Easpag i Mostar in aghaidh Medugorje. Ní aontaíonn sé leis na 'Franciscans' atá ann go bhfuil tada ag tarlú. Tá ordú tugtha ag an bPápa breathnú isteach ann anois. Casadh air na daoine seo ar fad a fheiceann an Mhaighdeán Mhuire gach lá. Tógann sé píosa fada ar nós in áiteacha eile ar tháinig sí a dhéanamh amach go bhfuil sé fíor. Tá sé ráite aici leo nuair a bheas rudaí le stopadh ann, nó go gcreidfídh daoine go bhfuil sí ag teacht tá comhartha le fágáil ar an gcnoc a fhanfaidh ann agus nach mbeidh aon duine in ann é a bhaint as. Tugann cairdinéil, easpaig agus na mílte sagart cuairt ann, fiú amháin muna bhfuil aitheantas tugtha dó fós. Dúirt Pápa amháin "Is fearr creidiúint ná gan creidiúint agus má tá sé fíor beidh áthas ort gur chreid tú mar d'iarr Muire ort é. Má chreideann tú agus nach bhfuil sé fíor gheobhaidh tú an beannacht céanna is dá mbeadh sé fíor." Do na daoine gan creideamh níl gá míniú. Na daoine nach bhfuil creideamh acu, ní féidir aon mhíniú a thabhairt dóibh sin.

Ní áit mhór é, níl ann ach sráid bhaile. Óstáin bheaga nó 'Pension' a thugann muintir na háite orthu. Tá aithne agam féin ar bhean i siopa Elizabeth atá uirthi. Tá Naomh Pádraic taobh amuigh den doras aici, tá an siopa b'fhéidir 4 nóiméad ón séipeal, bíonn laethanta agus ní dhéanann sí 20 euro sa lá. Tá an áit sách bocht, cuireann gach teach a gcuid glasraí féin. Bíonn bó amháin acu, agus muc. Maraíonn siad an mhuic agus deataíonn siad é le coinneáil don bhliain. Tá



Jackie Mac Donnacha sa lár i dtiannta beirt fhir áitiúil as Medjugorje

cearca acu chomh maith. Go leor de na tithe níl aon leithreas acu ach taobh amuigh. Caitheann na mná éadach dubh má chailltear an fear ar nós anseo fadó. Déanann siad 'Lozo', tá sé díreach ar nós poitín. Tá sé an-chostúil le Éirinn fadó. Níl aon 'dole' acu ann. Dhá euro san uair a shaothraíonn siad má tá siad ag obair, tá siad bocht go maith ach níl aon seans acu ar tada a shaothrú ar nós anseo.

Timpeall leath uair ó Medugorje tá Mostar áit ar cloiseadh go leor faoi ins na naochaidí nuair a bhí cogadh ann. Tá go leor Muslamaigh ina gcónaí ann. Feicfidh tú an seipeál, an clochar a bhí ag na mná rialta agus an áit ar caitheamh buamaí leo. Tá go leor siopaí ann ag díol fiú amháin na 'helmets' a bhí ar na saighdiúirí a maraíodh sa gcogadh. Aithneoidh tú agus tú ag siúl ann go bhfuil sé difriúil. Tá reilig ann agus na céadta Muslimach curtha ann. Tá na 'headstone' fada caol bán le hais na cinn Chaitliceacha. Tá droichead ann agu bíonn buachaillí óga ag léim síos san uisce má thugann tú cúpla euro dóibh. Ní euro an t-airgead atá acu dhóibh fhéin ach KH, ach leis an méid turasóirí atá ann tógann siad euro.

Deirtear nuair a bhí an cogadh ann gur cuireadh éitleáin chun Medugorje a bhuamáil agus tháinig ceo, ní raibh siad in ann é fháil amach. Ina dhiaidh sin d'iompáigh na fir a bhí inti ina gCaitlicigh. Chreid siad go raibh rud éigin le déanamh ag an Mhaighdeán Mhuire leis.

Tá go leor leor eile is féidir a scríobh faoin áit álainn seo. Ba cheart duit cuairt a thabhairt ar am éigin má tá tú in ann. Tá suaimhneas álainn ann, tá tú in ann do rogha rud a dhéanamh tú féin más maith leat. Gach uair a théann mé ann ní maith liom é fhágáil agus bíonn mé an-suaimhneach i mo shaol ar feadh cúpla mí ina dhiaidh.

Ba mhaith liom dá mbeadh mé in ann 'Gospa', sin an Mhaighdeán Mhuire a thabhairt liom.

Úna Ní Fhlatharta

Agallamh le Anna Ní Fhlatharta



Agallamh le Úna Ní Fhlatharta, macléinn agus aisteoir ó An Cheathrú Rua. Tá ceithre mí caite ag Úna san Argintín i mbliana mar chuid don Chéim i dTeangacha Fheidhmeach atá sí ag déanamh i gColáiste Luimnigh. Bhí páirt lárnach aici mar an carachtar Sorcha sa gclár Corp agus Anam ar TG4 i mbliana.

Anna: Bhí tú thar lear i Meiriceá theas mar chuid de do chéim nach raibh?

Úna: Bhí, chaith mé ceithre mhí thar lear san Argintín. Bhí mé ag múineadh Béarla agus ag tógáil ranganna Spáinis ag an am céanna. Cineál taithí oibre a bhí ann. Caithfidh chuile dhuine é a dhéanamh.

Anna: Gasúir nó daoine fásta a bhí tú ag múineadh?

Úna: Idir 12 agus 26 bliain d'aois. Ranganna cómhra agus cultúr a bhí ann. Ní gramadach a bhí ann so bhí sé alright!

Anna: Ar thaitin sé leat?

Úna: Thaitin. Thaitin an áit liom, bhfuil fhios agat, múineadh is not for me b'fhéidir ach, yea, bhí an áit go h-álainn.

Anna: Ar mhaith leat tuilleadh taisteal a dhéanamh?

Úna: Roimhe seo ní raibh mé ariamh ag iarraidh dul ag taisteal. Ceithre uair a chloig ar eitleán? Bhí sé sin fada dhomsa! Anois, tá mé ag iarraidh dul chuile áit! So yea, hopefully beidh mé in ann bliain a thógáil amach théis mo chéim agus dhul ag taisteal. Tá dhá bhliain eile orm, ceithre bliana uilig.

Anna: I dtaobh na h-aisteoireachta, an bhfuil tú ag déanamh tada faoi láthair?



Úna Ní Fhlatharta

Úna: Faoi láthair níl mar gheall go raibh mé thar lear agus beidh mé ag dul thar lear arís mí Meán Fómhair. Beidh mé ag dul go dtí an Fhrainc ar feadh ceithre mí eile. Mar gheall ar an gcoláiste tá sé deacair agam rudaí a dhéanamh. Ach le cúnamh Dé, an samhradh seo chugainn nuair a bhéas mé sa mbaile.

Anna: Cén chaoi ar thosaigh tú leis an aisteoireacht?

Úna: Is dóigh bhí suim ariamh agam ann. Nuair a bhí mé mo ghasúr óg, tá fhios agat cailíní beaga an chaoi a mbíonn siad le dolls. Bíonn siad i gcónaí ag déanamh amach 'oh is máthair mé' nó is seo nó siúd mé. Bhíodh mé i gcónaí sórt aisteoireacht i ngan fhios dhom fhéin.

Anna: Bheadh seó beag ar bun i gcónaí.

Úna: Sea! Liom fhéin...ní raibh mé weird, I swear! Ach ansin nuair a thosaigh mé meánscoil thosaigh na Crosáin, Amharclann an Taibhdhearc. Bhí siad sin i Ros an Mhíl. D'iarr mé ar mam an mbeadh mé in ann é a dhéanamh. Thosaigh mé ag déanamh ceardlainn le Beartla M. Ó Flatharta. Rinne mé dhá bhliain leis sin agus ansin chuaigh mé go Gaillimh le Marc Mac Lochlainn. Bhí mé ag iarraidh athrú, taithí nua fháil. Bhí ceithre bliana dhó sin déanta agam. Ansin thug Marc m'ainm go Darach...tá sé uilig cé tá fhios agat ar bhealach.

Anna: Cé acu is fearr leat, aisteoireacht don teilifís nó stáitse?

Úna: Cheap mé ag an am go bhfearr liom stáitse, mar tá an cineál buzz ann. Tá daoine romhat agus tá tú 'beo', níl an dara rogha agat ach é a fháil ceart. Tá an cineál brú sin ort. Is brú maith é, ní bhím neirbhíseach. Thaitin sé sin liom. Ach ansin nuair a bhí mé ar an teilifís, mura raibh sé foirfe agat an chéad uair bhí tú in ann é a dhéanamh arís. Bhí tú in ann feabhas a chuir ort fhéin. Agus bhí sé i bhfad níos glamorous! Bhí sé class! Thaitin sé liom a bheith ar seit i bhfad níos mó ná cheap mé. Ach ansin tá drawbacks eile. Beidh ort an rud céanna a rá míle agus céad uair agus ansin athróidh siad an ceamara agus beidh ort é a rá míle agus céad uair eile.

Anna: An raibh na laethanta ar seit níos faide?

Úna: Bhí na laethanta thart ar 12 uair. Bíonn ort éirí moch. Ní maith liomsa éirí moch agus bheinn mo dhúiseacht thart ar leath uair théis a ceathair nó an cúig a chlog ar maidin le dhul ag obair. Ba chuma liom mar gheall gur ag aisteoireacht a bhí mé. Dhá mbeinn ag éirí ag an t-am sin do jab éicint eile, mhaighdean, bheinn chomh cantalach! Bhí mo mhuintir shocked, mar bheadh an scoil againne ag a naoi agus nuair a bheinn sa mbaile bheadh dad ansin 'c'mon Úna, five to nine, c'mon. Caithfidh muid imeacht, caithfidh muid imeacht.' Ansin ní raibh gá mé dhúiseacht ariamh le dhul ag aisteoireacht.

Anna: Bhí go leor caint faoin gclár Corp agus Anam, fuair sé go leor moladh. Ar chuir sé iontas ort?

Úna: Chuir mar gheall go raibh mise ann! Bhí sé funny mar léigh mé an script agus an chéad éisteacht a rinne mé ná do pháirt Linda, an cailín sa chéad chlár. Bhí mé ag léamh faoi Shorcha agus bhí mé ag rá 'oh I'd love páirt Shorcha a bheith agam', ach bhí sé míonna ina dhiaidh sula ndearna mé éisteacht le haghaidh páirt Shorcha. Nuair a fuair mé é cheap mé 'bhuel chaithfeadh sé nach seó iontach a bhéas anseo má tá mise chun páirt Shorcha a dhéanamh!'. Ansin leitheidí Maria Doyle-Kennedy a bheith mar mo mháthair...

Anna: An raibh an ról deacair a dhéanamh?

Úna: Bhí. Nuair a fuair mé an glaoch ag rá 'an ndéanfaidh tú é?' dúirt mé yea, déanfaidh, déanfaidh! Ansin ina dhiaidh d'iarr mé dhom fhéin 'céard atá mé théis a dhéanamh?'. Bhí sé an-deacair. Bhí an chéad cúpla lá togha mar ba radharcanna beaga a bhí ann. Ach bhí seachtain iomlán, is dóigh clár a trí, nuair a tharla chuile rud, nuair a tháinig chuile rud amach sa scéal. Bhí seachtain iomlán, 12 uair, dhó sin le déanamh agus bhí mé tugthaí ina dhiaidh. Ceapann daoine, oh níl ann ach aisteoireacht, níl gá dhuit ach dhul agus rud éicint a rá. Ach mothaíonn tú an rud atá an cailín dul thríd. Nuair a bhíonn sí ag caoineadh tá tusa caoineadh. Bhí sí scantraithe go leor don am; bhí sí ciontach go leor don am freisin. Lig sí dá h-athair dhul thríd an méid sin - ní chreidim go ndearna sí ea! Ní raibh sí ag iarraidh go mbeadh a h-athair thíos leis ach ní raibh sí ag iarraidh theacht amach as an rud a bhí sí ag déanamh. Bhí a fhios aici ón tús go raibh an rud a bhí sí ag déanamh mí-cheart. Bhí sí i domhan lei fhéin.

Anna: An raibh sé deacair é sin a thuiscint? Cé go raibh fhios aici go raibh sé mí-cheart gur lean sí uirthi.

Úna: Bhí ar bhealach, mar ní dhearna mise tada mar sin. Nuair a bhí mise 15 bhí mé iontach! Bhuel, ní raibh, bhí mé cantalach

Seán Mac an Iomaire

óna mhac Louis

Rugadh é ar Oileán Fhiadhinse ar an gcéad lá de Bhealtaine sa mbliain 1880, duine de chúigear mac agus cúigear iníon a saolaíodh do Mháirtín Choilm Mac an Iomaire as an oileán agus do Mháire Ní Bhriain as Muighinis.

Tar éis dó an scoil a fhágáil chuaigh sé ag iascach agus ag bádóireacht i *nobby*, 'An Fr. McHugh', a bhí ag a athair. Is ag iascach scadán agus ronnach is mó a bhídís. Isteach go Cloch na Rón a bhí an chuid is mó den iasc ag dul i dtír. Chuaigh sé go Meiriceá sa mbliain 1915. Sheol sé as Cóbh an lá céanna ar cuireadh an Luisitania go tóin poill amach ó Chionn tSáile. Liostáil sé in arm Mheiriceá sa mbliain 1916 agus ag tús na bliana 1917 bhí sé ag troid i gcoinne arm na Gearmáine i dtuaisceart na Fraince.

Sa mbliain 1918, dhá lá sular stop an cogadh bhain gortú mór dó agus iad ag troid i Verdun in oirthear na Fraince, bhuail rosc piléar as inneall-ghunna é. Tugadh ar ais go Meiriceá é, áit ar chaith sé 6 bliana san ospidéal.

Bronnadh trí ghradam crógachta air agus dhá *Purple Heart* agus réalt ór amháin.

D'fhill sé go hÉirinn sa mbliain 1931. Chuaigh sé ar ais go Meiriceá i 1932, bhí obair an-ghann i Meiriceá agus d'fhill sé abhaile arís i 1933.

Phós sé Nóra Ní Niadh as Oileán Fhiadhinse i 1934. Thóg sé teach i Rosdubhgáin agus is ansin a chónaigh siad. Rugadh ochtar mac agus iníon amháin dóibh. Fuair sé bás ar an 11 Bealtaine 1960. Báthadh é idir Oileán Fhiadhinse agus Ruisín na Mainiach.



Seán Mac an Iomaire
Tógadh an pictiúr seo tar éis dó an ospidéal a fhágáil



Ina shuí: Seán Mac an Iomaire & Beairtle Chluanáin
as ceantar na nOileán.



Dé Céadaoin 31/08/11

2.00i.n.

Siamsa na nAosach
Ionad: Teach Altranais Charna
Fear an Tí: **Johnny Mháirtín Learaí**
Ceoltóirí eagraithe ag **Nóirín Uí Shuilleabháin**

Dé hAoine 02/09/11

1.00i.n.-
3.00i.n.

Seoladh Taispeántas na nÓg
Ionad: S.N. Naomh Ciaráin
Saothar ealaíne ó dhaltai S.N.
na hÁirde Móire agus ó dhaltai S.N.
Naomh Ciaráin.
Siad **Danny Wallace** agus **Bernie Seoige**, na healaíontóirí a bhí ag obair leis na daltaí ar an tionscnaimh.

Beidh seisiún léitheoireachta le **Beartha Broc** do na gasúir óga agus ina dhiaidh sin beidh seó leis an **Sorcas Beag** do na daoine óga agus dá dtuismitheoirí.

7.00i.n.

Faoi mo Shúile
Ionad Pobail Chill Chiaráin
Taispeántas Ealaíne le **Bernie Seoige**, á sheoladh ag **An Seandóir Trevor Ó Clochartaigh**

8.00i.n.

Seoladh Oifigiúil na Féile
Ionad Pobail Chill Chiaráin
á sheoladh ag **Áine Lally (TG4)**
Fear an Tí: **Máirtín Tom Sheáinín**

Bronnadh **Gradam an Phléaráca '11**
Iris 'Pléaráca' á sheoladh ag **Rosaleen Ní Shúilleabháin**

Comóradh
Déanfar comóradh ar na daoine agus ar na grúpaí a bronnadh Gradam an Phléaráca orthu ó 1994. Á gcur i láthair ag **Jackie Mac Donncha**

Ceol: **Na Ceannabháin Bhána & Clann Uí Dhubháin.**

Dé Satharn 03/09/11

12.00n.-
2.00i.n.

(Beidh na h-imeachtaí seo ar fad ar siúl san Ionad Pobail i gCill Chiaráin)

Ceardlann Damhsa ar an sean-nós le Gearóid Ó Dubháin.
Táille: Daoine óga €5
Daoine fásta €10

2.30i.n.-
4.30i.n.

'Óra Mhíle Grá'
Ceardlann amhránaíochta le **Caitríona Ní Cheannabháin**
Táille: Daoine óga €5
Daoine fásta €10

7.00i.n.

'Ó Bhaile go Baile'
Taispeántas Grianghraif ó cheantar na hAirde Móire, Cill Chiaráin, Coill Sáile agus Loch Con Aortha, á sheoladh ag **John Bhaba Jeaic Ó Confhaola**.
Bean an Tí: **Mary O'Toole**.

7.30i.n.

Cuasnóg
Cnuasach de shaothar chiorcal scríbhneoireachta an Phléaráca. Á sheoladh go hoifigiúil ag **An Ollamh Gearóid Denvir**

8.00i.n.

Cuairt ar Thobar an Dúchais:
Comóradh ar chumadóirí agus fhonnadóirí as ceantar Iorras Aithneach:
Val & Michael Bheairtle Ó Donnchú, Seán Jeaic Mac Donnchadha, Seán Choilm a' Dhonnacadhú & Colm Ó Caodháin.

Ag déanamh cur i láthair faoi na saol agus saothar beidh
Róisín Nic Dhonncha, Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha, Máirín Uí Nia, Máire Uí Chonaire

Fear an Tí: **Joe John Mac an Iomaire**

Ceol: **Tommy Mellett & Neansaí Ní Choisdealbha.**

Dé Domhnaigh 04/09/11

11.00r.n.

Aifrean na Féile
Séipéal Naomh Chiaráin, Cill Chiaráin, á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta.

12.00n.

Comórtais na nÓg
do dhaltai bunscoile agus meánscoile.
Ionad Pobail Chill Chiaráin
Bean an Tí: **Caitríona Ní Cheannabháin**
~ Damhsa ar an sean-nós
~ Amhránaíocht ar an sean-nós
~ Rogha uirlisí ceoil
~ Agallamh beirte/scéalaíocht

1.00i.n.

Siúlóid Chultúrtha
eagraithe ag Club Siúlóide Charna. Teacht le chéile ag Tí Chadhain.

5.30i.n.

'An Stíl Mar a Bhí'
Ionad: Tigh Chadhain, Cill Chiaráin. Seo ócáid do dhamhsóirí sean-nóis nach gcuireann isteach ar chomórtais de gnáth ach a mbeadh fonn orthu píosa damhsa a dhéanamh go neamhfhoirmeálta.
Fear an tí: **Risteard Mac Aodh**

7.30i.n.

Comórtas Damhsa ar an sean-nós do dhaoine fásta.
Ionad Pobail Chill Chiaráin
Bean an Tí: **Máirín Uí Chonghaile. Johnny Óg Connolly.**
Ceol:
Cead isteach: €5

9.30i.n.

Ceol: Tigh Chadhain
lé **Beartla Ó Domhnaill & Ceann Golaim.**



Jackie Mac Donncha
Comóradh Gradam Phléaráca



Cathaoirleach Phléaráca
Rosaleen Ní Shúilleabháin
Seoladh an iris 'Pléaráca'



An Ollamh Gearóid Denvir
Seoladh an leabhar 'Cuasnóg'



Máire Uí Chonghaile
Bean an tí ag an Comórtas Damhsa ar an sean-nós do dhaoine fásta.

Faoi mo Shúile

Dé hAoine ag 7.00 i.n.
in Ionad Pobail Chill
Chiaráin
Taispeántas Ealaíne le
Bernie Seoige,
á sheoladh ag
An Seandóir Trevor Ó
Clochartaigh




Is as Cill Bhriocáin, Ros Muc í Bernie Seoige. D'fhill a muintir ar Ros Muc as Sasana i 1974 agus chuaigh Bernie ar scoil i Ros Muc. Théis críochnú leis an scoil chuaigh sí ar ais arís go Londain agus d'fhan ann ar feadh chúig bhliana déag. Bhain sí Diplóma sna hEalaíona amach i Southwark College. Tháinig Bernie agus a muintir féin ar ais go Ros Muc arís i 2002, áit a bhfuil sí ag leanacht ar aghaidh lena cuid obair ealaíona. Bhí taispeántas dá saothar i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh i 2005. Bíonn sí ag teagasc ceardlann ealaíne.



Aine Lally

a bhéas ag seoladh Féile Phléaráca go
h-oifigiúil in Ionad Pobail Chill Chiaráin
Dé hAoine ag
8.00 i.n.



Seoladh Cuasnóg

Dé Sathairn ag 7.30 i.n.
in Ionad Pobail Chill
Chiaráin

Cnuasach de shaothar an Chiorcal
Scribhneoireachta atá mar chuid do
Chlár Litríochta agus Drámaíochta
Phléaráca don óige.



Ó Bhaile go Baile

Dé Sathairn ag 7.00 i.n.
in Ionad Pobail Chill Chiaráin

Taispeántas Grianghraif ó cheantar na
hAird Móra, Cill Chiaráin, Coill Saille
agus Loch Con Aortha, á sheoladh ag
John Bhaba Jeaic Ó Confhaola.



Comóradh Gradam an Phléaráca

Dé hAoine ag 8.00 i.n.

An Chéad Ghradam

Tháinig an smaoineamh as comhrá a tharla idir Micheál Ó Cuaig agus Jackie Mac Donncha sa mbliain 1994. Bhuailead tinneas Páraic Tom Photch ag an am, agus ba é ba chúis leis an gcomhrá. Chaith Páraic a shaol ag caomhnú an cheoil, na hamhránaíochta, an chultúir agus an traidisiúin. Bhí obair na gcapall déanta aige ní amháin ina pharóiste féin ach in áiteacha i ngar is i gcéin. Níor iarr Páraic aon íocaíocht ariamh ar a ndearna sé. Cheap Jackie agus Micheál go mba mhór an feall dá dtarlódh tada dó, agus gan aon aitheantas fáighte aige óna phobal as gach a raibh déanta aige go deonach. Ba é deireadh an scéil ná gur chuir Jackie moladh os comhair Coiste Phléaráca, gradam a bhunú le bronnadh ar Pháraic, rud a rinneadh. Bíonn go leor daoine ag obair go deonach ina bpobail féin, go minic i ngan fhios don phobal, agus go minic freisin ar bheagán buíochais. Socraíodh go mbeadh gradam dá bhronnadh go bliantúil uaidh sin amach, ar dhaoine a roghnódh an pobal féin.

Bronntar an gradam ar dhaoine aonarach agus scaití ar ghrúpaí. Le taithí na mblianta, agus na moltaí a thagann ó na pobail chuile bhliain, is léir go bhfuil an portach domhain, agus níl an chéad bharr féin bainte fós.

An gradam fhéin, is dealbh de chorréisc atá ann, siombail Phléaráca. Sé an dealbhadóir Liam Butler a rinne an dealbh as copar.



Seoladh Oifigiúil na Féile

Dé hAoine ag 8.00 i.n.
Ionad Pobail Cill Chiaráin

Tá Máirtín Tom Sheáinín atá ag déanamh fear
an tí ag Féile Phléaráca le blianta fada.
Bhuaigh sé Gradam an Phléaráca i 1995.

Caitríona Ní Cheannabháin

Beidh Caitríona, na Ceannabháin Bhána agus Clann Uí Dhubháin ag ceol ag oscailt na féile. Beidh sí ag déanamh an cheardlann amhránaíocht, 'Óra Mhíle Grá' ar an Satharn ón 2.30 - 4.30 i.n. agus mar bhean an tí ag Comórtais na nÓg ar an Domhnach in Ionad Pobail Cill Chiaráin.





An Stíl Mar a Bhí

Dé Domhnaigh ag 5.30 i.n.
Tigh Chadhain


Reachtáilfear taispeántas damhsa ar an 'fíor-sean-nós' do dhamhsóirí sean-nóis nach mbíonn páirteach i gcomórtais de ghnáth, ach a mbeadh fonn orthu píosa damhsa a dhéanamh go neamhfhoirmeálta.



Comórtas Damhsa ar an sean-nós do dhaoine fásta

Dé Domhnaigh ag 8.00 i.n.
in Ionad Pobail Cill Chiaráin
Ceoltóir: Johnny Óg Connolly

Ceardlann damhsa ar an sean-nós
le Gearóid Ó Dubháin
Dé Sathairn ón 12 - 2.00 i.n.
in Ionad Pobail Cill Chiaráin



Seán Jeaic Mac Donncha



Colm Ó Caodháin



Val Bheairtle Ó Donnchú



Seán Choilm a'Dhonnadhchú


Cuairt ar Thobar an Dúchais

Dé Sathairn ag 8.00 i.n.
Ionad Pobail Cill Chiaráin

Seán Jeaic Mac Donncha

San Aird Thoir a rugadh Seán Jeaic ach d'aistrigh a mhuintir go dtí an Aird Thiar. Bhí sé pósta le Máire Green as an Más, Máire Chathail a thugtaí uirthi. Bhásaigh Seán Jeaic sa bhliain 1986.

Sé a mhac, **Josie Sheáin Jeaic**, duine de amhránaithe móra lorras Aithneach a bhéas ag déanamh an cur i láthair ar a shaol agus ar a shaothar.



Colm Ó Caodháin

Amhránaí agus seanchaí as Glinsce Thóg Séamus Ennis dhá chéad ochtú amhrán uaidh, bhí scéal chuile amhrán aige agus cé as a dtáinig siad. Chum sé fhéin amhráin. Bhain sé cáil amach freisin ó thaobh a chuid scéalta agus seanchas.

Rugadh Colm Ó Caodháin sa bhliain 1892. B'é an duine ba sine de naonar clainne a bhí ag Colm Ó Caodháin agus Máire Nic an lomaire as Inis Ní ó dhúchas.

Beidh a iníon **Máire Uí Chonaire** as an gCoillín, Carna ag déanamh cur síos ar a chuid cumadóireacht agus ar a chuid seanchais. Is amhránaí sean-nóis í Máire freisin.



Val & Michael Bheairtle Ó Donnchú

Bhí cáil mhór ar Val Bheairtle agus ar a dheartháir Michael, as ceantar lorras Aithneach, de bharr na h-amhráin a chum siad. Rinne Róisín Nic Dhonncha as an Aird Thiar, Carna, staidéar ar fhilíocht agus ar amhráin an bheirt dearthár.



Seán Choilm a'Dhonnadhchú

Ba as an Aird Thoir, Carna é. Bhí cáil air mar fhonnadóir agus thug a chlann an bua sin leo freisin. Bhí aithne mhór ar Dara Bán a mhac agus ar Chólí mar amhránaí. Sí a ghariníon, Máirín Uí Nía, iníon le Bríd Sheáin Choilm agus Seán Madden as Cill Chiaráin a bhéas ag cur amhráin a seanathair i láthair.

Dea-scéal

Tuairisc ó Mháire Ní hEidhin



S'é'n scéal is deireanaí faoi bhóthar Chonamara go bhfuil sé socraithe gur ar philéir a bheidh an bóthar seo tógtha anois, mar chuirfeadh sé seo deireadh leis an imní a bhí ar shaineolaithe na mBuataisí glasa faoi an dúlra. Beidh an bóthar os cionn an airde a chaitheann frog léim, agus os cionn an airde a strapann seilimidí, sceartáin agus feithidí thábhachtacha eile. Beidh na ceannabháin bhána ag fás faoi, agus ní chuirfidh sé as do na driseacha ach oiread, an cor is deireanaí sa scéal, mar go bhféadfadh sé go bhféadfadh driseacha trasna an bhóthair, ó tharla nach bhfuil cead iad a bhaint níos mó gan cead spéisialta. Ach bhí an Comhairle Contae i bhfad chun tosaigh ar an AE nuair a tháinig sé go dtí na driseacha. Thuig siadsan le fada an tábhacht a bhí leo agus níor baineadh aon dris ar thaobh na mbóithre i gConamara le fada. Trí lána a bheidh sa mbóthar nua atá ráite, ní bheidh sé mar bhóithre eile in Éirinn. Lána amháin a bheidh as Gaillimh go Conamara, ní bheidh mórán brú tráchtá an treo sin de réir na staidéir atá déanta. Beidh dhá lána ag dul Gach Treo Eile agus beidh an luas níos airde ar na lánaí seo. An chúis leis seo a thug urlabhraí ón gComhairle Contae le fios, níor mhaith leo go mbeadh moill dá choinneáil ar an dream óg atá ag dul ar imirce. Marach sin, a dúirt an té a dúirt, tá chuile sheans nach gceadófaí an t-airgead don bhóthar seo ar chor ar bith mar gur i gConamara atá sé.

Tá an Rialtas leis na blianta ag ceapadh gur theastaigh duine le aire a thabhairt don Ghaeltacht, Aire na Gaeltachta a tugadh air. Is ón Aire agus ón Rialtas a theastaigh aire. Dá mbeadh muintir Chonamara ag tabhairt aire dóibh, "ní ligfeadh siad dóibh an tír a bheith díolta amach agus anois muid ag iarraidh a bheith dá ceannacht arais", a deir seanbhádóir as Conamara a chaith a shaol ag rith móna go hÁrainn. "Dá mbeadh móin le easportáil mar a bhíodh, go hÁrainn", a dúirt an seanfhear seo, "ní bheadh cosc ar bith ar bhaint móna i gConamara, mar is ar an easportáil atá an bhéim, is cuma muna mbeadh greim le n-ithe ná

léine ar a gcráiceann ag muintir Chonamara". "Muna bhfuil mearbhall orm", a déir sé in agallamh le Máirtín Tom Sheáinín ar Raidió na Gaeltachta, "cheapainn go raibh mearbhall ar an Aire a bhí ag tabhairt aire don Ghaeltacht sa Rialtas deireadh, nuair a cheap sé gur bheidh an bealach ab fhearr le aire a thabhairt do Chonamara, ná an t-airgead rialtais a bhí ceaptha do Chonamara a chur isteach i bpota mór amháin, mar a dúirt an tAire fhéin ag an am. Pota mór an tsuaircis a bhí sé a cheapadh a dtáinig sé air, ar a bhealach go Máméan, ag déanamh aithrí agus ag tabhairt turas ar son na Gaeltachta ar thobar agus ar leaba Phádraig. Ach ní hé pota mór an tsuaircis a fuair sé ar chor ar bith", a deir an seanfhear críonna seo agus is deacair dul amú air, "ach pota an duaircis, rud a d'fhág Conamara ina bhrochán".

Tá sé tugtha le fios, as seo amach nach mbeidh cead feamainn a bhaint ar chladaí Chonamara, mar go bhfuil chuile rud a choraíonn i gConamara caomhnaithe, ach amháin na daoine. Is cuma faoi na daoine, ar ann nó as iad agus tá an Rialtas ar aon intinn le saineolaithe na mBuataisí glasa faoi seo. Céard atá in ndán mar sin don mhonarchan feamainne i gCill Chiaráin? Tá Údarás na Gaeltachta ag teacht i gcabhair ar lucht bainte feamainne agus ag dul ag bunú tionscail nua a bheidh ag cloí le rialacha an AE.

"Caithfidh muid rud éigin a dhéanamh", a deir urlabhraí ón Údarás in agallamh ar TG4 le gairid, "muna n-éiríonn leis an tionscail feirmoireachta feamainne atá ar intinn againn, ar a laghad ar bith", a deir urlabhraí an Údaráis, "coinneoidh sé an dream a bheidh ag obair sa tionscail te. Bónas breise a bheidh anseo ó tharla nach mbeidh aon teas sa mbaile acu mar go mbeidh deireadh le baint mhóna". Is i dtobáin a bheidh an fheamainn dá fás agus béifear ag baint úsáid mhaith anois as monarchain folamh an Údaráis le borradh a chur faoi an tionscail. "De bharr go gcaithfear a bheith spárlach le uisce agus go mbeidh go leor dó ag teastáil don

tionscail, is mór an gar nár díoladh na foirgnimh seo", a dúirt an tÚdarás, "mar beidh siad an-fheiliúnach don tionscail anois. Ní bheidh méadar ar an mbáisteach anuas ná aon chostas breise ar an meirg a theastaíonn le borradh fáis a chur faoin bhfeamainn, níl a leithéid seo déanta in aon áit eile fós agus tabharfaidh sé seo tús áite do fheamainn Chonamara ar na margaí domhanda, má éiríonn leis". Beidh oifigí an Údaráis dúnta atá ráite linn go ceann coicíse. Tá siad ar fad imithe go dtí tSín le maoiniú a aimsiú don tionscail, chun staidéar féidireachta a dhéanamh agus saineolaí a thabhairt go Conamara le traenáil a chur ar lucht bainte feamainne, mar beidh athrú ar an mbealach a mbeidh an fheamainn dá baint sna monarchain. D'fhéadfadh sé seo tús a chur freisin le Stráitéis Fiche Bliain na Gaeilge, mar is trí Ghaeilge amháin a bheidh an traenáil dá dhéanamh agus caithfidh na Sínigh an teanga a fhoghlaim sul má cuirtear tús le traenáil. "Is maith an rud é sin", a dúirt fear as Camus, ag léamh sna nuachtáin faoi, "mar" a dúirt sé, "ní ag cruinniú dusta in oifigí rialtais a bheidh an Stráitéis, má chuireann na Sínigh chun cinn í". Tá an té atá ag

tabhairt aire don Ghaeltacht faoi láthair, nó Aire na Gaeltachta, leis an teideal ceart a thabhairt air, an-dóchasach anois go n-éireoidh leis an Stráitéis. "Is daoine an-chumasach agus an-dáiríre iad na Sínigh" a dúirt an tAire, "bheadh tionchar ag Stráitéis 20Bliain don Ghaeilge ar i bhfad níos mo daoine sa tSín, mar tá go leor acu ann. Ní ionann sin d'Éirinn faoi láthair, a bhfuil go leor daoine ag fágáil na tíre, go mór mór as Conamara, cíbe cén fáth atá leis sin", a dúirt sé.

Ag labhairt dó ar an teallach agus é ag baint dó a stócaí fliucha an oíche cheana, dúirt fear as na hOileáin liom a bhfuil a shaol caite aige féin ag baint fheamainne, go mbeidh sé féin agus a mhada beag ag tarraingt climíní, is cuma cé na rialacha a thabharfar isteach, mar sé an bealach is glaise agus is nadúrtha don fheamainn a bheith ag fás sa gcladach. Dúirt mé leis ar eagla go gcuirfí an dlí air, péire *wellingtons green* a fháil agus go gcoinneoidh siad a chosa tirim agus bheadh sé ag cloí go pointe áirithe le rialacha Bhriogáid na mBuataisí Glasa.

Teicneolaíocht Uí Threasaigh Teoranta

DEARADH TÁIRGE
DEARADH & TÁIRGIÚ MÚNLA
SEOMRA GLAN GRÁD 100,000

IS.EN.ISO 13485

Na hAille, Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593088
www.wayglen.ie

Ádh mór ar Fhéile Phléaráca '11



Tomás Ó hÍr & a Chomhpháirtí
Innealtóirí Próiseas & Déantúsaíocht

- Feabhsú caighdeán, táirgiúlacht & próiseais.
- Leagan amach áras déantúsaíochta & stórála.
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre.


Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 046-9555885
087-2433627
www.toh.ie
info@toh.ie



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303
R-phost: sales@socos.ie



Réimse leathan Ealaíona &
Ceardaíocht ar fáil anois



IONAD EALAÍONA INIS OÍRR

Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Fón: 099-75150

araseanna@eircom.net
www.araseanna.ie

Ryan McGinty

Laghdú Cánach!

Brabús Breise!

Cuir glaoch ar Cyril McGinty
091 395480
cmcginty@rmca.ie
www.rmca.ie
Cuntasóirí Deimhniúithe Cairte

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Buaiteoirí Gradaim Pobail na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Árann Teo.,
Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin,
Cill Rónáin,
Árainn,
Cuan na Gaillimhe
Fón: 099 61354/61394
(F) 099 61454
eolas@cfarann.ie
www.cfarann.ie



Súil Siar

Lch. 43:

1. 'An Deirfiúr Mór' 2005.
2. Bidín Sheáin Dharach Seoige, Neansaí Bhreathnach & Seán Leainde.
3. Éanna O'Connor.
4. Johnny Mháirtín Learaí, Peigí Ní Chonghaile & Eilís Ní Laoi.
5. **Cruinniú Coiste Phléaráca sna 90dí:** An tAthair Considine, Meta Uí Mháille, Brian Ó Cróinín, Jackie Mac Donncha, Mairéad Ní Chualáin, Donncha Ó hÉallaithe, Gearóid Ó Murchú, Tommy Cevan Ó Níaidh, Réamon Ó Mainín & Máire Bn. Uí Chonaola.
6. **Seoladh Féile Phléaráca 2005 -** Muireann Ní Dhroighneáin, Meta Uí Mháille, Mick Lally, Peigí Ní Chonghaile, Réamon Ó Mainín & Máire Bn. Uí Chonaola.
7. Bernie Bn. Uí Chonchaola.
8. Caitríona Ní Cheannabháin.
9. Maggie Bn. Uí Mhainín.
10. Claudia Ní Ghriallais, Orlaith Ní Chonaire, Erica Ní Ghriallais, Róisín Nic Dhonnacha & Eibhlín Ní Ghriallais.
11. Annie Ní Dhubháin, Oileáin Leodhais 2006.
12. Cevan Uí Níaidh.

Lch. 44:

13. Patricia Ní Fhátharta & Jayne Macleod.
14. Seán Monacháin, Tomás Mac Eoin, John Beag Ó Flátharta, Pádraig Ó hAoláin & Martina Goggin.
15. Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha.
16. Geallta Báid Seoil.
17. 'Brídeog', Féile Phléaráca 2009.
18. Páraid Lá 'I Pádraig 2000 - Réamon Ó Mainín & Barra Ó Caoilte.
19. Máire Bn. Uí Chonaola, Máire Seoige, Meta Uí Mháille, Marie Uí Ghiobúin, Mary Uí Loideáin, Máirín Uí Dhubhda & Gwyneth Uí Ghaora.

Lch. 45:

20. Cólín Sheáin Dharach & Áine Ní Dhubháin
21. Mattie Cevan Ó Níaidh
22. Peigí Ní Mhócháin, Máire Ní Chualáin, Seosamh Ó Guairim, Úna de Bhailís & Máire Holmes.
23. Deirdre Nic Dhonncha.
24. Colm Ó Dubháin, Féile Phléaráca 2009.
25. Na Barretts, Leitir Mealláin.

Lch. 46:

26. Rosaleen Ní Shúilleabháin & Máire-Áine Ní Mháille.
27. Clann Uí Mhaoilchiaráin, Inis Mór.
28. Campa Samhradh Phléaráca 2002.
29. Na Temporary.
30. Risteard Mac Aodha.
31. Dara Bán Mac Donncha.
32. Ceoltóir óg, Féile Phléaráca 2009.
33. Brian Ó Mainín & Tommy Cevan Ó Níaidh.





Dán le Máirín Uí Chonghaile



Máirín Uí Chonghaile

Tá mise i mo chónaí ar an gCloch Mhór i gceantar Bhaile na hAbhann. Faoi láthair, tá mé ag déanamh cúrsa BA in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Bhí suim i gcónaí agam san scríbhneoireacht ach bhí drogall orm bualadh faoi agus nuair a thosaigh mé ag an Ollscoil, bhí orm roinnt mhaith aistí a scríobh agus spreag sé seo mé a dhul i dtreo na scríbhneoireachta.

Rinne mé ceardlann scríbhneoireachta le Jackie Mac Donncha a bhí eagraithe ag Pléaráca i mbliana. Thug sé seo an-chúnamh dom. Tá súil agam gearrscéal a scríobh amach anseo agus faoi láthair tá mé ag léamh roinnt leabhar agus deireann daoine liom go bhfuil sé seo go maith le smaointe agus inspioráid a fháil.

Cloch mhór

Cloch mhór mo bhaile dhúchais
Radhairc is deise ar an domhan
Tá mé ann ar feadh na síoraíochta
Ní bheinn ag iarraidh imeacht as go brach

Is de réir an tseanchais
Tháinig Colm Cille i mbád cloiche ann
Tá lorg a láimh le feiceáil
Ag gach uile mac muirneach

Tá an fharraige ghorm mórthimpeall
Agus glór na dtonnta ag cloisteáil
Ag féachaint siar ó dheas
Tá cuairteoirí ag triall ar Árainn

Ag siúl liom cois cladaigh
Tá glór na n-éin dom bhodhrú
Ardaíonn agus íslíonn a n-glór
An t-iasc ag preabadh gan stró

Ag breathnú amach san fhuinneog
Tá báidín beag ag luascadh
Scíth a thógáil ag na hiascairí
I lár an oileáin

Tá scáile na dtithe san uisce
Báisteach a deireadh na Seandream
Beanna beola i ngar dúinn
Amach liom ag siúlóid

Ag siúl síos thar an droichead
Bhuail tart an bháis mé
Fíor uisce a d'ól mé
Is mé ag slabáil liom sa tobar

Dul siar ar bhóithrín na smaointe
Tá mé sásta gurbh ann a d'fhan mé
Tá plota le fáil san reilig agam
In íochtar na gcloch móire.

Máirín Uí Chonghaile
Aibreán 2011

An Clár Litríochta & Drámaíochta don Óige

le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta

Misiún

Ceardlanna d'ard chaighdeán drámaíochta agus litríochta a chuir ar fáil, scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge a chothú don todhchaí agus misneach a thabhairt do na daltaí ina gcuid cruthaitheachta féin, ag tacú le misean Pléaráca Teo. Déanann an clár seo freastal ar bhunscoileanna agus meánscoileanna i gConamara.

An Clár don bhliain 2011/12

An Ciorcal Scríbhneoireachta - Ceardlann próis & filíocht do scoileanna dara léibhéil.

Fuint Focal - Féile Litríochta do dhéagóirí - Deireadh seachtaine lán le ceardlainn & imeachtaí shóisialta.

Féile Leabhar Bricíní - Aonach leabhair Gaeilge do bhunscoileanna agus meánscoileanna, bíonn siamsaíocht ar siúl anseo freisin.

Club Léitheoireachta do dhéagóirí - Club léitheoireachta do mheánscoileanna.

Scríbhneoirí Cónaitheach sna Bunscoileanna - Cumadóireacht agus scríobh as Gaeilge.

RéaltÓga Drámaíochta do na Bunscoileanna - Sraith ceardlainn drámaíochta sna bunscoileanna.

An Club Geáitsíochta - Srath ceardlainn drámaíochta do dhaoine óga. Taobh amuigh do am scoile.

(Ag brath ar mhaoiniú ó Ealaín na Gaeltachta)






Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe / Co. Galway
Tell: 091 503100
Facs: 091 503101

e: eolas@udaras.ie w: www.udaras.ie



Cumann Peile na bPiarsaigh

Ros Muc



Bunaíodh Club na bPiarsaigh sa bhlian 1959
Gach rath ar Féile Phléaráca 2011

CUMANN PEILE NA bPIARSAIGH
1959-2011

R-phost: cumannpeilenabpiarsaigh@gmail.com
Suíomh: www.cumannpeilenabpiarsaigh.ie

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer

Crua-earraí

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar
obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland



SÓNTA

LEIRI THEOIRÍ TEILIFÍSE AGUS SCANNÁIN



Ceist GAA le Hector



Seó Spóirt



Am Lón

Gach rath ar Fhéile Pléaráca ó fhoireann Sóna.

Lean ár gcláracha teilifíse ar Facebook & Twitter

Sóna Teo,

Loch Con Aortha, Cill Chiaráin, Conamara, Co na Gaillimhe
Teagmháil : 095-33933 / 095-33008 Ríomhphoist: eolas@sonta.ie

Ionad Pobail Chill Chiaráin

le Jackie Mac Donncha



Ar an 23ú lá de Lúnasa 1987 a osclaíodh an tIonad. Is iomaí duine atá imithe tríd an áit le ceithre bliana fichead. Is iomaí ócáid a bhí ar siúl ann.

Taobh amuigh den Choláiste Gaeilge, bhí Muintearas ar an gcéad eagraíocht a chur togra ar bun ann. Bhíodar ag cur oiliúint ar ghasúir a raibh an scoil fágtha go luath acu.

Chuir Áras Mháirtín Uí Chadhain cúrsa fada ar bun ann, agus sa mbliain 1994, bhí an áit seo ar an gcéad áit sa Ghaeltacht inár eagraigh Coláiste na hOllscoile Gaillimh searmanas bronnta teastas. Agus chomh maith leis sin ba as an bparóiste seo na daoine a fuair na teastais.

Bíonn V.T.O.S. ann, agus an V.E.C. agus is iontach an rud eagraíochtaí mar seo a bheith ag úsáid an Ionaid.

Sa bhliain 1999, eagraíodh bailiúchán mór millteach anseo chun bia agus éadach a chur go Cosobhó. Bhí an tIonad lán go béal le málaí agus boscaí. Ba é Peadar Phat Mór a thiomáin an leoraí go Cosobhó.

Is minic a gearradh seolta bád ar an urlár san halla mór. Bhí aisteoirí agus drámaí mór le rá anseo ar feadh na mblianta. Bhí Amharclann

na Mainistreach ann le Cré na Cille, agus bhí orainn daoine a chur ó dhoras.

Bhí Saor Aisteoirí Chonamara ann agus nuair a bhí an teach lán, ní raibh fonn ar aonduine imeacht ó dhoras. Scaoileadh in airde an staighre iad agus chonaic siad an dráma trí fhuinneog bheag thuas.

Bíonn Pléaráca ag cur ranganna agus ceardlann ar siúl anseo ó thús na 90dí, agus bhí a gcuid Geamaireachtaí ar fad ar ardán anseo. Tugann sé an-sásamh go mbíonn scoileanna an cheantair ag úsáid an Ionaid i gcomhair a gcuid imeachtaí féin.

Is ionad oideachais é seo chomh maith le rud ar bith eile.

Tá athchóiriú iomlán déanta le cúpla mí anuas ar an Ionad. Bhí an t-ádh dearg orainn go bhfuair muid maoiniú ag an am, chun tabhairt faoin obair mhór a bhí le déanamh. Tá buíochas ag dul don Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta as maoiniú a chur ar fáil, freisin do Choláiste Sheosaimh a chur sciar maith airgid ar fáil don athchóiriú, agus ár ndóigh do na daoine a rinne an obair ar fad. Tá bord stiúrtha ina bhun, agus go n-éirí leo.

Ó Chonamara go Nis



Ar an 25 Iúil 2011, ag a 3 a chlog ar maidin d'fhág mionbhus Conamara ag cur tús leis an turas fada chuig Oileán Leodhais. Togra a bhí eagraithe ag Pléaráca le tacaíocht ó "Cholmcille, Éirinn is Alba", chun an nasc a bunaíodh sa mbliain 2000 a chothú agus a fhorbairt.



As aerfort Bhéal Feirste go hInbhir Nis a chuamar agus as sin go Stornobhaigh, áit ar cuireadh fáilte Uí Cheallaigh romhainn. Ní raibh súil ar bith againn go mbeadh aon duine romhainn san aerfort, ach bhí seachtar nó ochtar as Nis ann. Bhí éadain nua le feiceál chomh maith le héadain a raibh sean-aithne againn orthu agus ní raibh sé i bhfad go raibh neart cainte agus cómhra eadrainn. Ón nóiméad sin san aerfort bhí muintir Nis in éineacht linn agus bhíomar mar aon grúpa amháin.

Chur sé iontas orainn cé chomh scioptha agus a d'imigh an tseachtain. Bhí an oiread sin imeachtaí ar siúl, idir ranganna Gaeilge agus Gáidhlice, damhsa, ceoil ar an ngiotár agus ar an mbosca ceoil agus scríbhneoireacht chruthaitheach. Chomh maith le siúlóid agus turas chultúrtha, thugamar cuairt ar seó talamhaíochta i Barvas áit a chuireamar seó ar bun agus chuireamar seó eile ar bun ar an oíche deireadh sa gClub Shóisialta do mhuintir Nis.

Bhí seisiún gach oíche chomh maith. Ní dhéarfainn go bhfaca an Beach House i Nis (ná na comharsain in aice leis) a leithéid de phléaráca riamh. Chuaigh an scéal chomh fada le Stornobhaigh fiú go raibh daoine ag damhsa ar an mbóthar i Nis! I Taigh Dhonnachaidh, thosaíodar ag damhsa ar na boird ach ní chuirfimid ainm ar cé bhí dá dhéanamh sin (ahem! Jayne agus Patricia!).

Bhí bairbiciú (nó B-B-Q) ar an Déardaoin agus mura raibh na boilg lán an tráthnóna sin, ní féidir iad a líonadh. Bhí cáca speisialta déanta le brat na hÉireann agus brat na hAlban air mar shiombail den nasc idir an dá chultúr.

Ní féidir ár ndóthain buíochais a ghlacadh leis na daoine i Nis. Thóg cuid acu am saor óna gcuid oibre le bheith inár dteannta agus bhí sé soiléir ó cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gclár a bhí leagtha amach go raibh go leor réamhobair curtha isteach ann.

B'iontach an tseachtain a bhí ann. Ní raibh nóiméad i rith na seachtaine ar fad nach raibh duine éigin ag canadh amhráin nó ag damhsa. Fiú i lár an pháirc spraoi agus daoine ag gabháil suas agus anuas ar sleamháin bhí amhráin le cloisteáil agus go deimhin á gcumadh!

Tá súil againn nach mbeidh sé i bhfad go bhfeicimid ár gcairde i Nis arís. Tá buíochas mór ag dul do Cholmcille a mhaoinigh an tionscnamh seo agus d'Údarás na Gaeltachta a thug urraíocht dó. Freisin, tá buíochas ag dul do na daoine seo leanas:

Mary Anne Duff; Jayne NicLeoid; Catriona NicAoidh; Donnie MacLeid; Calum Murdo MacIlleathain; Murdo John MacChoinnich; Aggie Mhoireach; Marina Mhoireach; Nicola Mhoireasdan; Aonghas Greumach; Kenny Don MacIlleathain; Tormod Caimbeul, Annette Hire; Màiri Nic a' Ghobhainn; Hector MacIlleathain; Tida Caimbeul; Lyndsay NicDhòmhnaill; Martha Barrowman; Helen Anne Ross; Christina Marvin; Anna Mhoireasdan; Kate Mhoireasdan; Evelyn NicDhòmhnaill; Katie Mhoireach Katie Mary NicChoinnich; an foireann oibre i gCummun Eachdraith Nis agus an foireann oibre Taigh Dhonnachaidh a choinnigh bia agus deoch linn i rith na seachtaine.

Buíochas freisin do Jackie MacDonncha; Briocán Bairéad; Patricia Ní Fhátharta; PJ Sonáí Ó Conghaile; Mairín Ní Chonceannain; Erica Ní Ghriallais; Saoirse Ní Chualáin; Aoife Ní Chadhain; Bertie Ó Domhnaill; Aoife Ní Chonghaile; Aaron Ó Conghaile agus Cóilín Ó Coileáin.

Tapaidh leibh!



An grúpa as Conamara a thug cuairt ar Nis, mí Iúil 2011 agus na piobairí as Nis, Callum & Hector.

"I dtaobh an cheoil de, tá go leor de na poirt atá againne acusan ach go bhfuil beagáinín beag éagsulachta idir iad, ach ina dhiaidh sin fhéin go mbeadh fhios agat cineál go bhfuil – tá fhios agat féin cineál gaol acu lena chéile.

...na hamhráin atá acu féin freisin tá siad an-chosúil leis na hamhráin atá againne i dtaobh poirt a bheith istigh i lár báire ann agus rudaí ar an gcaoi sin."

- PJ Sonáí Ó Conghaile

"B'iontach an turas é seo anonn go hOileán Leodhais. Ón nóiméad a thángthamar amach den eitleán thall bhí muintir na háite romhainn agus bhí siad linn go dtí an lá a dtángthamar anall. Bhí sé ar nós a bheith sa mbaile. Tá go leor cosulachtaí idir muid agus iad, tá an chraic iontu agus tá ceol agus chuile shórt iontu.

B'iontach an lear imeachtaí a bhí ar bun acu i rith na seachtaine. Chuir siad go leor oibre isteach ann, go háirithe Mary Duff agus muintir Taigh Dhonnachaidh agus chuile dhuine acu agus b'iontach an deis dúinn a bheith in ann dul anonn ansin agus an nasc seo a choinneáil ag imeacht mar a bhí sé."

- Briocán Bairéad

"Rud a chuir iontas agus áthas orainn, an grúpa daoine óga a bhí in éineacht linn: chomh scioptha agus a mheasc siad leis na daoine óga i Nis.

...Agus muid ag caint aréir ag deireadh na hoíche faoi an gcultúr agus faoi an teanga, an rud is mó a chuir as dúinn uilig is dóigh ná go bhfuil sí agus go mbeidh sí ag séalú mura gheobhaidh sí cúnamh.

...ceapaim go bhfuil an nasc seo atá cruthaithe idir muintir Chonamara agus Nis fíor, fíor thábhachtach go deo agus dá bhféadfaí na turais a dhéanamh gach dara bliain, go rachfaimid anonn bliain agus go dtiocfadh siadsan anall an bhliain ina dhiaidh sin, bheadh an nasc sin i bhfad níos láidre. Tá nasc an-láidir cruthaithe againn féin le seachtain agus airímid anois mar dhream amháin le muintir Nis agus táim ag ceapadh de réir mar a bhí siad ag caint go n-airíonn siad féin an bealach céanna fúinne.

...Rud eile a chuir iontas agus áthas orm ná an dream óg a bhí linn ar an turas, chuile dhuine riamh acu, idir buachaillí agus cailíní, an chaoi ar mheasc siad agus ar chothaigh siad an nasc atá cruthaithe ag Pléaráca le roinnt blianta. Marach go bhfuil Pléaráca ann ar ndóigh ní bheadh muid ag feiceáil na háite ar chor ar bith, ní bheadh muid i Nis, ní bheadh aithne ar bith curtha againn orthu, ach tá anois. Tá muid an-bhródúil go deo as na daoine óga agus ba cheart go mbeidís féin bródúil as an méid atá déanta acu, mar chuir siad go leor leis an turas agus go deimhin b'iad na daoine óga, ba thábhachtaí sa rud seo uilig agus d'éirigh go maith leo, an chaoi ar mheasc siad le chéile agus an bród a bhí orthu ag labhairt a dteanga féin.

...Oscailt súil a bhí sa turas seo dúinn mar dhaoine fásta agus do na daoine óga a bhí in éineacht linn. Tá mé ag ceapadh go bhfacamar agus gur chuireamar eolas ar rudaí nach ndéanfaimid dearmad go brách orthu."

- Jackie MacDonncha

"Bhain mé an-sásamh as an turas go hAlbain le Pléaráca. Chas mé le daoine nua, bhí siad an-chineálta agus cóir liom. Bhí an-spraoi againn le chéile agus b'aoibhinn liom dul ann arís."

- Máirín Ní Chonceanainn

"Feicfear dom féin go raibh an turas go Leodhais an-mhaith. Bhí seisiúin againn chuile oíche Taigh Dhonnachaidh, sa Beach House agus sa hotel. Bhí an-chraic againn ag casadh le daoine eile."

- Bertie Ó Dómhnaill

"An rud is fearr a thaitin liom ná an damhsa ar an mbóthar agus ár gcairde nua. Bhí na daoine mar a chéile linne, bhí ceantar beag ann,

go leor talún. Bhreathnaigh sé cosúil le Conamara."

- Saoirse Ní Chualáin

"Bhí sé go maith. Suimiúil. Na ceardlanna damhsa agus ag foghlaim faoi chultúr Nis."

- Aoife Ní Chadhain

"Bhí sé an-mhaith. Bhí sé thar barr. Bhíomar ag déanamh go leor rudaí difriúla. An rud is fearr a thaitin liom ná na céilithe, bhí siad an-mhaith agus bhí muid ag casadh le daoine nua chuile lá. Bhí cuid de na damhsaí céilí an chosúil leis na damhsaí atá againne, ach bhí cuid acu níos deacra ná na cuid atá againne."

- Aoife Ní Chonghaile

"An rud is fearr a thaitin liom ná an damhsa ar an mbóthar agus an céilí agus bhí na daoine an-deas."

- Erica Ní Ghriallais

"Bhí go leor rudaí a thaitin linn ar oileán Leodhais. Bhí na daoine go



deas ann, bhí an áit go deas, bhí an bia go deas ann. An chaoi a raibh na daoine linn, bhí siad an-deas linn ar fad. Rinneamar go leor ann, is é an peaca nach raibh coicís ann againn. Sin é, slán abhaile. Tapaidh leibh!"

- Cóilín Ó Coileáin

"Rinneamar go leor rudaí ann ach rud amháin a thaitin go mór liom ná an seanchas atá san áit agus an ceardlann giotair agus an ceardlann bosca ceoil. Daoine deasa atá ar an oileán. Tá go leor oidhreacht le feiceáil ar an oileán."

- Aaron Ó Conghaile

Castar na Daoine ar a Chéile ach ní Chastar na Cnoic



Clann Thomáis Shadhbh Ó hAllúráin as an Rosdubh, Ros Muc agus Neainí Tom Hynes as Snábó ag caint le Meta Uí Mháille.

Ó d'imigh an chéad duine acu ar imirce i 1948 ní raibh an cúigear deirfiúr seo ar fad in éineacht go dtí gur eagraigh siad a teacht le chéile agus saoire a chaitheamh in éineacht lena ndeirfiúr Máire i Ros Muc i 2009.

Bhí siad ag rá gur mhaith lena n-athair go rachfadh siad go Meiriceá, mar gur cheap sé go mbeadh saol níos éasca agus níos fearr acu ann. Bhí sé féin tamall i Meiriceá. Go Ceanada a chuaigh sé ar dtús áit ar chaith sé bliain sul má d'éirigh leis dul isteach go Meiriceá agus ba go Chicago a chuaigh sé.

Sarah Thomáis Shadhbh nó Sarah Casey

Mise an chéad duine den chlann a d'fhág an baile le dul ar imirce i 1948. Sé'n chaoi ar chuir m'aintín Julia litir abhaile ag rá go dtabharfadh sí duine againn anonn, agus piocadh mise.

Chuaigh mé go Meiriceá in Aibreán 1948, ní raibh mé baileach scór bliana. Chuaigh mé go Gaillimh ar an mbus, ar thraein go Luimneach agus as sin go Cobh. Ní raibh aon duine in éineacht liom ach casadh dream orm i gCóbh a bhí freisin ag dul ar an mbád. B'fhéidir go raibh imní orm, ach bhí fhios agam go gcaitheadh mé imeacht agus go gcaithfinn a bheith láidir. Bhí mé dó nó trí de laethanta i gCóbh, sul má chuaigh muid ar an




Clann Thomáis Shadhbh
Ar chúl: Nóra, Bab agus Annie
Chun tosaigh: Sarah & Máire

mbád, bád de chuid an *Cunard Line*. Ansin chaith muid seachtain ar an bhfarraige, bhí mé tinn agus an chuid eile a bhí ar an mbád freisin. Landáil muid i *New York* ag a sé a chlog maidin Satharn. Bhí comharsan as an mbaile romham, Máirín Thomáis Mháirín, agus d'fhan mé leosan sna Bronx an oíche sin. Chuaigh mé ag an Aifreann ar maidin lá arna mháireach agus ansin fuair mé an traein go Chicago. Chaith mé an oíche ar fad ar an traein. Nuair a shroich mé *Chicago* bhí m'aintín ag fanacht liom. Ní raibh fhios agam cé hí féin ach bhí pictiúr agam di. Chuaigh mé abhaile in éineacht leí. Buíochas le Dia rinne mé an bealach. Tháinig na comharsain agus cairde thart ag an teach agus bhí an-lá againn. Ní bhfuair mé ró-dheacair é béarla a phiocadh suas, bhí tú ag éisteacht leis chuile lá agus césmoite den chéad chupla lá, ní raibh mé i bhfad á phiocadh suas. Dúirt m'aintín nach mbeadh orm dul ag obair go ceann scaithimh, mí nó mar sin. An rud is mó a ndearna mé iontas de, bhíodh chuile dhuine ag caitheamh hataí galánta a mbíodh bláthanna orthu. An chéad Domhnach a ndeachaigh mé féin ag an Aifreann bhí hata orm féin a raibh bláthanna air. Le comhlacht priondála a chuaigh mé ag obair ar dtús. I gcaitheamh an lae, i mo sheasamh ansin a bhínn ag an inneall priondála, bhí sé crua ar na



Sally Uí Ghiobúin (iníon Mháire) & Briocán Bairéad
(garmhac Mháire)



TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

Guíonn muintir agus foireann Uí Chadhain gach rath ar Fhéile Phléaráca 2011 - Go mairfidh sibh an céad!



Ó chlér: Máirtín Stephen Ó Conaire, Sarah Thomáis Shadhbh, Máire Thomáis Shadhbh & Micí Stephen Ó Conaire ar lá a bpósadh i Chicago. Siad Máirtín & Sarah a sheas leo.

cosa. Ní shin é a chleacht mise sa mbaile ach ag tarraingt fheamainne agus ag plé le féar agus chuile shórt obair mar sin. D'fhág mé é sin taréis píosa, bhí mo dhóthain agam de, agus chuaigh mé ag obair le comhlacht drugaí *Colsun Drug Co.* agus d'fhan mé ansin go ndeachaigh mé abhaile i 1954, sé bliana ó d'fhág mé an baile ar dtús. Chaith mé trí mhí sa mbaile agus ansin chuaigh mé ar ais go *Chicago*. Casadh Harry orm ansin, Sasanach, as *Manchester* ach ba as Bleá Cliath a mhuintir. Henry a bhí air i Sasana, ach is Harry a tugadh i *Chicago* air. Harry a bhí air nuair a casadh ormsa é, phós muid agus tá cuigear clainne againn, beirt mhac agus triúr iníon (fuair Harry fear Sarah bás le gairid, Beannacht Dé lena anam).

Bab Uí Nia

Chuaigh mise go Sasana i 1952. Bhí Nan Mhicil Pháidín anonn liom. Chuaigh muid go Londain agus bhí deirfúr Nan, Máire le bheith romhainn i *Euston*. Chuaigh muid ag ól tae agus cibé céard a tharla chuaigh muid amú ar bhealach éigin uirthi. Thóg muid tacsáí ansin ach níor thug sé sin ach píosa den bhealach muid, b'fhéidir go raibh sé críochnaithe ag obair, ní raibh fhios againne ní b'fhearr. Dúirt sé linn an bus fháil agus d'inis sé dúinn cén áit le theacht amach. Fuair agus m'anam go ndearna muid go maith, tháinig muid díreach go dtí an tsráid a raibh Máire ann, agus ní raibh fhios aici cé as a dtáinig muid. Bhí mé ag obair sa mbaile sula ndeachaigh mé go Londain.

Anonn ar an mbád an "*Hibernia*" a chuaigh muid, ba í ba h-uafásaí, ó bhí sí go dona. Tar éis dom an Teic a fhágáil chuaigh mé ag obair leis an gcniotáil sa gColáiste Tin. Ach ar ndóigh bhíodh mé ag déanamh chuile chineál oibre ag baile. Ag cur is ag baint fhataí, plé le móin is chuile shórt mar sin, sin é an uair a raibh obair chrua ann. Ní raibh aon bhearla agam nuair a chuaigh mé anonn. Ní raibh aon inní mhór orm ag fágáil an bhaile, bhí mé óg aerach agus diabhal blas suime a chuir mé ann.

An chéad rud a bhí le déanamh agam tar éis landáil i Londain ná *coupons* a fháil le h-aghaidh beatha, bhí ration ar chuile rud ag an am. Chuaigh mé ag an oifig, "can i help you?" a dúirt an fear san oifig, d'inis mé mo scéal dó. Dúirt sé liom nach raibh siad in ann tada a dhéanamh dom nuair nach raibh litir ná *passport* ná tada agam, ach "séard is fearr duit a dhéanamh" a deir sé, "dul síos ag Teach an Phobail agus litir a fháil ón sagart". D'inis sé dom cá rachfainn agus lean mé an bealach mar a dúirt sé. Nuair a tháinig an sagart amach d'inis mé céard a thug anseo mé, go raibh litir ag teastáil uaim le go mbeinn in ann *coupons* ration fháil. D'fhiafraigh sé dom an raibh tada agam a thabharfadh le fios cé mé féin. Diabhal blas a bhí agam. "I don't know you either a deir sé, I can't help you". Ach mar sin fhéin thug sé litir dom.

Bhí an oiread oibre i Sasana an uair sin, ní bheadh tú in ann coinneáil suas leis. Mar *nanny* a chuaigh mé ag obair ar dtús. Dúirt mé gur *nanny* a bhí ionam. Nach raibh duine ar bith in ann aire a thabhairt do pháiste. Iúdaigh a bhí iontu. Bhí siad go deas liom. Leaidín beag amháin a bhí acu agus sin eile a raibh le déanamh agam, aire a thabhairt



Janet Mannion (Ba as ceantar Mhuineacháin/Cabhán ó dhúchas í agus bheadh sí ag obair sa mbeairic i Ros Muc), Patrick Nee (Sonáí mór), Kate Halloran a bhean (deirfiúr Thomás Shadhbh).

dó, is mé a thugadh ar scoil é. Phós mé fear as an mbaile Máirtín Mhicil Pháidín agus bhí beirt mhac agus beirt iníon againn, agus cailín beag eile Ann Bernadette a cailleadh nuair a bhí sí sé mhí d'aois. Is beag nár mharaigh sé sin mé. Sin é an uair a n-airíonn tú uait do mháthair, bhí mé ag ceapadh nach mairfinn. Bhí saol maith agam buíochas le Dia. Chaith mé bliain is fiche ag obair san *Nat West Bank* i Londain. Bíonn mé ag cuimhniú ar Éirinn i gconaí, ach bheadh sé deacair clann agus cairde a fhágáil i do dhiaidh agus a theacht abhaile.

Annie Masterson

Chuaigh mise go Meiriceá i 1949, bliain i ndiaidh Sarah. Tá mé ann ó shin. Ar an eitleán as Rinn Anna a chuaigh mise. Eitleán beag, thóg sé dhá uair déag go Gander i Newfoundland, ceithre h-uair as sin go New York agus ceithre h-uair eile go Chicago. Ar an eitleán chaith mé an oíche ag breathnú ar an mbeirt seo, ag pógadh is ag fáisceadh a chéile, b'shin rud nua domsa an t-am sin. Níl fhios agam an bhfuair muid tada le n-ithe ar an eitleán, ach bhí ár ndóthain uibheacha ithe againn i Rinn Anna, mar bhí muid chúig uair a' chloig ann. Bhí triúr againn in éineacht agus leis an am a chaitheamh théadh muid isteach ag ól tae agus bhíodh ubh againn, tá mé ag ceapadh gur ith muid chúig cinn d'uibheacha. Áit an-bheag a bhí i Rinn Anna ag an am sin i gcomparáid leis an aerfort breá atá anois ann. Bhí Annie Grady as na h-Oileáin i Ros Muc in éineacht liom agus Barbara Pheadar Son as Loch Con Aortha. Bhí muid le chéile go New York, is go Pittsburg a bhí Annie Grady ag dul. Nuair a tháinig muid amach i *Chicago* bhí an bheirt bhan bhreá seo agus hataí breátha orthu, Sarah agus m'aintín Julia romhainn, b'fhacthas dom gur mhór an spóirt iad. Ach bhí cumha orm, bhínn féin agus Sarah ag éisteacht leis an *Irish Show* ar an raidió chuile oíche, ba mhór an spóirt na h-amhráin agus an ceol, agus théadh muid a chodladh ag caoineadh.

Bhí go leor de mhuintir Chonamara i Chicago ag an am. Théadh muid ag damhsa oíche Dé hAoine, Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh, san halla damhsa *Falston and Fullerton*, d'imíodh muid as sin nuair a dhúnadh sé ag a dó dhéag agus théadh muid suas Tí Louis Foley, bhíodh muid ag damhsa ansin go dtí a trí a chlog ar maidin. Bhí mé cupla bliain i Chicago nuair a casadh an fear breá, ard dathúil seo orm oíche ag damhsa, Martin Masterson. Rugadh in Albain é ach b'as



Ó chlér: Máire Thomáis Shadhbh, a máthair Neainí Tom Hynes, Bab, a hathair Tomás Shadhbh. Chun tosaigh: Nóra agus Paddy Thomáis Shadhbh



Michael Hynes (Maidhcó Tom), deartháir do Neainí Tom.



i Chicago
Ó chlér: Annie, Máire, Micí Stephen, níl fhios cé hiad an chéad bheirt eile, agus Sarah

Acaill a athair. Bhí sé san arm agus ní raibh muid ag dul amach le chéile ach sé seachtainí nuair a cuireadh go Korea é. Bhí sé ansin ocht mí dhéag agus cúpla mí tar éis dó a theacht abhaile, phós muid, cheannaigh muid bothán beag agus bhí na gasúir againn, beirt mhac agus seisear iníon. Bhí mé seacht mbliana déag go leith i Chicago sul má thug mé an chéad chuairt abhaile. Thug mé an triúr is sine de na gasúir liom agus d'fhan muid anseo in éineacht le Máire agus le Micí ar an Turloch Beag, Beannacht Dé lena anam. Tá Micí agus Martin ar shlí na fírinne anois.

Máire, bean Mhicí Stephen Uí Chonaire

Chuaigh mise go Chicago ach níor fhan mé ann ach bliain nó mar sin. Níor thaithnigh sé liom chor ar bith. Bhí mé marbh le huaigheas. Anonn ar an mbád a chuaigh mé ach is ar eitleán a tháinig muid abhaile. I Meiriceá a phós mé fhéin agus Micí, agus tar éis a theacht abhaile thóg muid an teach seo agus is anseo i Ros Muc a bhí muid ariamh ó shin. Bhí seachtar clainne againn. Tá Mary agus Ann i Meiriceá, tá Stephen i mBaile Átha Cliath, Breda agus Thomas i Rath Cairn, Sally i dTúr Mhic Éadaigh agus tá beirt anseo i Ros Muc, Eilín ar an Rosdubh agus Michael anseo le mo thaobh. Cailleadh Micí Beannacht Dé lena anam i 1995.

Nóra Masterson

Mise an duine ba h-óige. D'fhág mise an baile i 1957, trí mhí tar éis do mo mháthair a chailleadh. Bhí mé seacht mbliana déag d'aois. Bhí inní orm agus bhí mé as mo mhothú freisin mar tharla sé chomh scioptha, cailleadh m'athair agus mo mháthair i bhfoiseacht cúpla mí dá chéile agus an chéad rud eile bhí mise ar mo bhealach go Meiriceá liom féin.

As Rinn Anna a d'imigh mé. Thóg an t-aistear ceithre h-uaire déag, ar dtús go Newfoundland, as sin go Boston, as Boston go Detroit agus as sin go Chicago. Ní raibh mise as baile ariamh roimhe sin. Ní raibh mé i nGaillimh féin ach cúpla uair, sin an méid. B'fhacthas dom go raibh Chicago chomh mór. Ach bhí an t-ádh orm, bhí Sarah agus Harry, Annie agus beirt dá clann Mary Joe agus Kathleen romham san aerfort. D'fhan mé le Annie agus chuaigh mé ag obair tar éis míosa leis an gcomhlacht Sears Roebok ag déanamh obair oifige. Bhínn ag dul ag damhsaí san Holiday Ballroom, bhíodh Éireannach, Danny Duignan ag casadh ann, bhí sé an-mhaith. Phós mé Hugh Masterson, deartháir Mhartín, fear Annie agus

bhí ochtar gasúir againn, ceathrar mac agus ceathrar iníon. Cailleadh Hugh le ailse chúig bhliana ó shin.

Sally Uí Ghiobúin

(Iníon le Máire Thomáis Shadhbh agus le Micí Stephen).

Chaith mé seacht mbliana déag i Chicago. Thaithnigh sé go mór liom. Seacht mbliana déag d'aois a bhí mé nuair a chuaigh mé anon ansin i 1969. Bhí cailín eile in éineacht liom. Nuair a bhí muid ag teacht anuas i nGander, bhí muid ag breathnú síos uainn ar na tithe, ach ní raibh fhios againn gur tithe a bhí ann, bhí muid a rá, "tá clocha anseo ar nós mar atá i gConamara". Bhí Annie, Sarah, Harry agus mo dheirfiúr Mary a bhí bliain thall romhamsa, romham ag an aerfort. Thug aintín Sarah abhaile mé agus chuir sí a chodladh mé, bhí sí ag caint liom agus bhí mé ag ceapadh gurb í Mamie a bhí ann – agus ní raibh mé in ann codladh ach ag caoineadh, caoineadh, caoineadh.

Nuair a bhí mé ag imeacht, bhí Mamie a rá go bhfuair aintín Nóra slaghdán ar an eitleán agus chuir sí iallach orm geansaí mór a chur orm. Bhí sé chomh te i Chicago agus bhí aintín Sarah ag rá liom mo shaicéad a bhaint díom, bhí culaith mór trom orm, "ó níl mé te", a deirinn féin agus an t-allas ag titim díom, mar ní raibh mé ag iarraidh go bhfeicfí an geansaí a bhí orm taobh istigh de mo bhlouse.



Sadhbh Chadhain, máthair Thomáis Shadhbh

Cúpla lá ina dhiaidh sin thug aintín Sarah síos mé le h-aghaidh security card fháil. Daoine dubha ar fad a bhí ag obair ann, agus ní raibh taithí ar bith againne ar dhaoine dubha. Taobh istigh de sheachtain fuair mé obair le comhlacht árachais Blue Shield agus bhí mé ansin ar feadh trí bliana déag.

Ní raibh mé i bhfad ar bith thall nuair a casadh m'fhear céille orm ag damhsa, Michael Ó Giobúin as Túr Mhic Éadaigh. Tá ceathrar mac againn. Tháinig muid abhaile nuair a bhí an duine is sine in aois dul ag an scoil bheag. Bhíodh siad anonn is anall ann nuair a bhí siad ag dul ag coláiste. Tá beirt acu anois i Chicago, duine acu pósta agus tá an duine eile ag pósadh an bhliain seo chugainn. Tá leaid eile pósta in aice linn i dTúr Mhic Éadaigh agus tá an mac is óige ag dul ar scoil i gconaí.

Arramara Teo.

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe



Fón: 095 33404/33417
Facs: 095 33494
e phost: info@arramara.ie
www.arramara.ie



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie



I gCÓNGAR I gCÉIN (úrscéal)
Pádraig Standún

Is i Veinéis na hIodáile atá an t-úrscéal corraitheach seo suite. Castar beirt Éireannach ar a chéile i dtimpeallacht rómánsúil, chultúrtha. Léiríonn Pádraig Standún an grá, an fuath, an pholaitíocht agus an foréigean, i measc téamaí eile. Coinneoidh an scéal an léitheoir ar bís ó thús go deireadh.

CEOL SIDHE (CD)

Micheál Ó hEidhin
le Steve Cooney & Charlie Lennon

Ceol traidisiúnta ar an gconsairtín le tionlacan ó Charlie Lennon agus Steve Cooney. Seo é an chéad albam iomlán ó fhear an Spidéil, a bhfuil aithne air ar fud an domhain de bharr a chuid oibre mar chigire ceoil le Comhaltas agus leis an Roinn Oideachais.



Rogha leathan leabhar agus CDs ar an suíomh www.cic.ie




SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua Indreabhán Co. na Gaillimhe
Fón 091 593020
Facs 091 593338



Pléaráca Teo.

Clár Forbartha Pobail (CDP)



Clár do Dhaoine Fásta

Ceardlainn oíche agus deireadh seachtaine d'fhir agus mná -
Peintéireacht, Caoladóireacht, Fíodóireacht, Potadóireacht agus
Scribhneoireacht Chruthaitheach
le tacaíocht ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne *le tacaíocht ó Leabharlann an Chontae*

Ionad Seirbhísí Teanga *le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta*

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Campa Samhraidh *le tacaíocht ó an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais
& Gaeltachta*

Eolas: 091 - 574346
www.plearaca.ie



Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil



Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidís
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

Agatha Bn. Uí Mhistéil
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595168 Faics: 091-595154
cogaslannagatha@gmail.com

Máire Seoige

Ros Muc

Leaba & Bricfeasta
Loistín

091-574147



Tigh Joe Mac

Cill Rónáin, Inis Mór

Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248

Uirlisí Foghlama
Teanga

Múineann BB leanaí
agus Paistí 33
focal Gaeilge -
Uimhreacha, dathanna
agus cruthanna.

Order online now at
www.babogbaby.com

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge The Irish Language	Foghlaim Learning	Úsáid Using	Eolair Directory	Foras na Gaeilge Foras na Gaeilge
-----------------------------------	----------------------	----------------	---------------------	--------------------------------------

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsaí/imeachtaí a thógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chláir (chun nod a tháir nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulmh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga

your link to the language

 Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: colas@forasnogaeilge.ie

PLÉARÁCA CHONA MARA '91

... ó Bhearna go Carna ...

6 - 15 Meán Fómhair 1991

Comhar O. Scóir 1991 Stiúideo Omega 29/91/72

Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

Saor in aisce leis an **Irish Independent** gach Céadaoin

www.foinse.ie

